

CUSLE

YOU'RE RUNNING
BECAUSE YOU WANT THAT RAISE
TO BE ALL YOU CAN BE.

WHEN YOU
WORK
SIXTY HOURS A WEEK
MAKING SNEAKERS IN AN
INDONESIAN FACTORY
AND YOUR FRIENDS

DISAPPEAR
WHEN THEY
ASK FOR A RAISE.

GLOBALLY BEFORE YOU DECIDE

Ropairí na fógraíochta

Cogainn

ISSN 1393-7243



9 771393 724002



Sócúil agus compord don ócáid mhór.

Tá Traein na bhFeidhmeannach feiliúnach i gcomhair gach cineál ócáide, más beag nó mór líon na ndaoine, freastal den scoth le fáil ann, agus deoch dá réir ón 'Horseshoe Bar'.

Más i mbun gnó atá tú, nó más mian leat tamall gnó agus siamsa a chaitheamh le do chuid cliant nó foirne, cinnteoidh muide go mbeidh sibh ar bhur sáimhín só i rith an turais.

Má iarrann tú Traein na bhFeidhmeannach, beidh do chuid cliant i saol faoi leith, saol na sócúla, saol réchúiseach, gealgháireach.

Turas gnó, imeachtaí spóirt, seoladh táirge nua, nó lá sa *casino* breá à la Las Vegas atá againn, cuirfidh Traein na bhFeidhmeannach iontas agus aoibhneas ar gach éinne a thagann ar bord.

I rith an turais, beidh deis agat suí fút agus do scíth a ligean, an tír ag sleamhnú tharat go suaimhneach, deis tabhairt faoi obair an lae gan stró ar bhealach eisceachtúil nach bhfuil a shárú ann.

Bainfidh tusa agus do chomhluadar araon taitneamh as lá an-speisialta áit a bhfuil *ambiance* agus ardú croí.

Breis eolais ó:

Tony Cassidy:

01 - 703 2730 nó

082 - 257 9049


Susan O'Sullivan:

01 - 703 2586 nó

087 - 253 3980

 Iarnród Éireann

Traein na bhFeidhmeannach



CUISLE

An tEastát Tionsclaíochta,
Casla, Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir:

Uinsíonn Mac Dubhghaill

Riarthóir:

Mary Ellen Ní Chualáin

Tuairisceoir:

Diarmuid Johnson

Bainisteoir Fógaraíochta:

Veronica Ní Chríofa

Dearadh le:

Caomhán Ó Scolaí


Clóchur:

Kilkenny People

Grianghraf clúdaigh:

Cabhlach SAM

Diuracán fadraonach Tomahawk á sheoladh ó long cogaidh de chuid SAM le linn Feachtas Siannach an Fhásaigh, Nollaig 19, 1998



Arna fhoilsiú ag
Foilseacháin an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.

DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hirise seo deis freagartha a thabhairt d'aon duine nó d'aon eagraíocht a éilíonn a leithéid, má tá siad míshásta faoin méid a scríobhadh fúthu i *gCuisle*. Téigh i dteagmháil leis an Eagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe, nó cuir ríomhphost chuig cuisle@tinet.ie faoin scéal.

San eagrán seo

'NEAMHCHOGADH' SAN IARÁIC

Leanann SAM agus an Bhreatain dá n-ionsuithe aeir ar an Iaráic. An Vítneam nua a bheas ann? Cuir-eann Des Johnson an cheist 10

AN BILLE TEANGA

Ba cheart sampla Cheanada a leanacht, dar le Dáithí Mac Cárthaigh 15

LÍONTA LIOMBÓ

Chuaigh Cathal Ó Cuaig ag guardeall ar an Idirlíon 19

AN BÉAL BEO

Cum véarsa tú féin don amhrán Óró, 'mhíle grá, a deir Antaine Ó Faracháin 27

AN FHUINNEOG

Tá AIDS ag leathadh go tubaisteach, ach an cuma faoi? 24

AN tACHT OIDEACHAIS

An píosa reachtaíochta is tábhachtaí don teanga le scór blian, a deir Seosamh Mac Donncha 13



TnaG AIBREÁN

Scoth na gcláracha don Cháisc agus ina diaidh 38

CÁ CÁ CÁ

Focail agus cordaí giotair don amhrán gleoite do pháistí le Futa Fata Féasóg 29

CAMCHUAIRT CHONAMARA

Tim Robinson ar leithinis Ros Muc 33

SÚIL ADUAIDH

Leanfar leis an éileamh ar fhiosrúchán poiblí faoi mharú Phat Finucance go dtí go gcloisfear an fhírinne, a deir Seán Mag Uidhir 7

CUISLE

SLADMHARGADH! TRÍ EAGRÁN IN AISCE!

Cuirfidh muid trí eagrán de *Cuisle* chugat saor in aisce, má ghlacann tú síntiús bliana linn. Is é sin le rá, má chuireann tú do íocaíocht chugainn in am don chéad eagrán eile, gheobhaidh tú gach eagrán den iris go ceann bliana agus ráithe le cois. Ní gá ach an fhoirm thíos a líonadh agus a chur sa phost le do sheic.

Ainm / name Sloinne / surname

Seoladh / address

Teil / tel Ríomhphost / email

Síniú / signature Dáta / date

RÁTAÍ (postas san áireamh)

Éire agus an Bhreatain £25

Mór-Roinn na hEorpa 40 euro* • An chuid eile den domhan US \$80*

*nó a chomhionann in airgead áitiúil

CUISLE AR AN IDIRLÍON <http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>

Litreacha chuig an Eagarthóir

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteangacha eile Seol do litir chuig: **An tEagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe. Ríomhphost: cuisle@tinet.ie**



Muiris de Buitléir,
Glasnaíon,
Baile Átha Cliath.

A Eagarthóir, a chara,
Is suimiúil an anailís atá déanta agaibh ar fhigiúirí an daonáirimh i leith labhairt na Gaeilge. Tá nath cainte ann a deireann go bhfuil trí shlí ann chun an fhírinn a chur as a riocht, sé sin, 'bréige, bréige damanta agus staidreamh'. De réir dealraimh bhain sibhse úsáid as an trídú rogha.

Tá dáinséar i gceist i gcónaí nuair is staidreamh uimhriúil amháin atá á phlé, ach nuair a nasctar léarscáilíocht leis na huimhreacha téann an scéal chun donais ar fad, muna mbítear thar a bheith cúramach.

Is é an scéal atá á insint ag an léarscáil ar leathanach a 13 d'eagrán mhí Eanáir ná go bhfuil an Ghaeilge i bhfad níos treise i nDún na nGall agus i nGaillimh ná mar atá sí ins na contaetha ar an gcósta thoir, go mórmhór Baile Átha Cliath, ag a bhfuil an scór is ísle. Tarlaíonn sé seo toisc gur baineadh úsáid as céatadán mar aonad comhairimh agus úsáideadh na contaetha mar aonaid achair, agus ní bhactar leis na daonraí difriúla atá ins na contaetha ná le méid éagsúil na gcontaetha.



Tóg mar shampla contae X: daonra 2,000; líon na nGaeilgeoirí 1,000; céatadán 50%. Cuir sin i gcomparáid le contae Y: daonra 10,000; líon na nGaeilgeoirí 2,000; céatadán 20%.

Tá a dhá oiread Gaeilgeoirí i gcontae Y i gcomparáid le contae X, ach nuair a chuirtear i bhfoirm céatadáin é tá an dealramh ar an scéal go bhfuil an bua ag contae X ó thaobh treise na Gaeilge de.

Arís tóg mar shampla contae A: achar 2,000 km²; líon na nGaeilgeoirí 20,000. Agus contae B: achar 10,000 km²; líon na nGaeilgeoirí 20,000.

Ó thaobh daonra de tá an dealramh ar an scéal go bhfuil an dá chontae ar

Cainteoirí fásta laethúla per km²



An i mBaile Átha Cliath atá slánú na teanga?

chomhchéim. Ach ní mar sin atá. I gcás contae B tá beirt Ghaeilgeoir le haghaidh gach ciliméadar cearnach, ach i gcás contae A tá deichniúr in aghaidh gach ciliméadar cearnach, pobal atá i bhfad níos comhdhlúite agus níos éifeachtaí dá réir.

Tá an tríú botún déanta agaibh sa mhéid is go bhfuil na céimeanna i gcomhair rangú na léarscáile roinnte ina thrí choda: 5-10, 10-15 agus 15-20, sé sin raon de 15 aonaid (ó 5 go dtí 20).

I ndáiríre, níl ach raon de 9.5 idir an céatadán is ísle (7.2) agus an ceann is airde (16.7). Tá 2.8 aonaid san aicme is ísle, 5 aonaid san aicme lárnaigh agus gan ach

1.7 aonaid san aicme is airde.

Caithefar aird ar leith a thabhairt do chúrsaí aicmiú i léarscáilíocht staidrimh. Má bhíonn na haicmí ina roinntear na heachtraí ciotach, beidh na freagraí ciotach.

Seacnaítear na botúin seo go léir trén léarscáil a eagrú ar bhonn dlúis, sé sin ar líon na gcainteoirí in aghaidh an chiliméadair chearnaigh. Tá sé thar a bheith tábhachtach na freagraí cearta a thógaint ón anailís staidrimh seo, mar is ar bhonn a leithéid de anailíse a chruthaítear polasaí teangan. Má bhíonn an anailís lochtach beidh an polasaí lochtach.

Tá ceartúcháin déanta agam

ar na hearráidí seo (féach léarscáil). Tagann cruth iomlán difriúil ar an bpictiúr. Tá 83 cainteoirí/km² i mBaile Átha Cliath, ocht n-uaire níos mó ná aon chontae eile. Tá sé soiléir gur ins na cathracha agus na ceantair máguaird atá an dlús is airde ó thaobh Gaeilgeoirí de.

Tá tionchar nach beag ag seo ar leagan amach polasaithe. I dtaca le dlús na nGaeilgeoirí sna ceantair uirbeacha, caithefar a admháil leis go bhfuil buntáistí ag lucht na cathrach i gcoitínne maidir le háiseanna cumarsáide, iompair, oideachais agus cultúir. Tá sé cinnte chomh maith go nglactar le ceannasaíocht meánaicme na cathrach i gcúrsaí faisin, teanga agus cultúir.

Freisin, caithefar glacadh leis gur theip ar an nGaeilge sna ceantair tuaithe ón 18ú aois i leith agus go bhfuil an teanga ag cúlú i gcónaí sna ceantracha sin. Ina dteannta san tá sé soiléir go mbeidh laghdú tubaisteach i ndán do dhaonra na tuaithe toisc polasaithe feirmeoireachta an Aontais Eorpaigh amach anseo.

Bunaithe ar na fíricí seo, níl mórán dabht ach go rachfaidh an Ghaeilge in éag go hiomlán sar i bhfad má leantar de bheith ag brath ar lucht na tuaithe chun í a chaomhnú. Dar ndóigh, nílímse ag cur aon locht ar mhuintir na Gaeltachta mar is brú nó próiseas sóisialta atá i gceist agus ní faillí pearsanta.

Ba chóir polasaí cuimsitheach teangan a leagan amach, bunaithe ar shaol na cathrach, go príomha Baile Átha Cliath. Bheadh sé an-úsáideach anailís gheoghraif-each agus shóisialta a dhéanamh ar mhionstaitisticí daonáirimh 1996 i leith lucht labhartha na Gaeilge san ardchathair, mar tús ar an bpróiseas seo.

Is mise, le meas, srl.

Pupils in 20 Protestant schools in the North are learning Irish as part of the innovative but secretive 'Enrichment Programme in Gaelic Studies'. Anton Mac Cába reports

An Rang Rúnda


TÁ DALTAÍ Protastúnacha i 20 scoil stáit ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge faoin 'Enrichment Programme in Gaelic Studies' atá dá reachtáil ag Gael-Linn i dTuaisceart Éireann.

Cuireadh tús leis an chlár sa scoilbhliain 1994-5, aimsir an chéad sos cogaidh. Naoi scoil a bhí páirteach sa scéim i dtús báire. "Na chéad scoileanna agus na chéad mhúinteoirí, bhí siad cróga. Céim mhór sa dorchadas a bhí ann," a deir Ferdia Mac an Fhailigh ó Ghael-Linn.

Cúrsa idir ocht agus deich seachtainí a bhíonn i gceist, ag brath ar an scoil. Tá leabhar agus caiséid leis an chúrsa. In amannaí, bíonn oiread éilimh ar an chúrsa gur gá níos mó ná séisiún amháin le freastal ar chách.

Is é a bhíonn i gceist ná cainteanna ar logainimneacha, ar thionchar na Gaeilge ar Bhéarla Chúige Uladh, na sloinnté, ábhair eile, agus ansin ceathrú huairé nó fiche bomaite de rang Gaeilge.

Is iad rang a sé íochtarach, an séú bliain, a bhíonn ag dul don chúrsa, mar faoi mar



Ian 'Eoghan Rua Mac Giolla Choilm' Malcolm, múinteoir Gaeilge agus tacaí Glasgow Rangers

atá an clár léinn ó thuaidh, sin iad an t-aon rang a mbíonn deis acu chuige.

Is é an t-iriseoir Ian Malcolm an múinteoir is mó a théann i bhfeidhm ar na mic léinn.

Tagann sé isteach sa rang agus scríobhann sé "Eoghan Rua Mac Giolla Choilm is ainm dom. Is maith liom an Ghaeilge". Ansin cuireann sé ceist ar an scaifte, as Béarla, "sin dhá rud fá dtaobh díomsa. Cad é bhur

mbarúil?"

"Catholic", "Republican", "Tricolour", arsa na daltaí. "Iontach maith," a deir Eoghan Rua, "chuir mé an dallamullóg oraibh." Míníonn sé a ainm ansin dóibh. Míníonn sé gur Protastúnach é - agus é bródúil as. Gur Breataineach é - agus é bródúil as. Go dtugann sé tacaíocht do Rangers - agus é bródúil as! Agus gurb é an rud is tábhachtaí ná gur Gaeilgeoir é, agus é an-bhródúil as.

Bíonn séisiún amháin ag na mic léinn le Brian Mullan, ceoltóir. Uair a chloig a bhíonn aigean, níos faide ná na daoine eile.

Tá an dubhrud eolais ag Brian ar cheol Chúige Uladh. Táispeánann sé an dóigh go bhfuil na hamhráin bhúi mar chuid de thraidisiún ceoil an oileáin - agus na n-oileán seo trí chéile.

Ansin cuireann sé an scaifte ar fad ag ceol. "Tá dúil ag achan duine sa cheol." Ceolann siad *Irish Molly* go bhfuil fonn *The Sash* leis, *Ólaim Puins*, agus *The Sons of Levi*, seanamhrán buí. Bíonn an dúil chéanna ag na daoine óga in achan amhrán.

Deir duine de na scoláirí le *Cuisle* gur chuir sí an-tsuim sa chúrsa. Ba shuimiúil léi an bhaint a bhí ag Aontachtóirí leis an Ghaeilge. Ach bhí an-dúil aici féin agus ag a cairde sa damhsa. Dúirt a máthair go raibh an-áthas uirthi go ndearna a hiníon an cúrsa. Is bean í go bhfuil an-dúil sa Ghaeilge aici: roghnaigh sí an scoil seo de bharr an oideachais ghinearálta a bhí ar fáil, idir bhuachaillí agus chailíní ann, agus í níos cosúla leis an saol ó thuaidh ná mar atá na scoileanna ilchreidmheacha.

Is í an cheist is mó a cuirtear i ndeireadh an chúrsa ná, "Could we learn more Irish?" Ní col a bhíonn leis an Ghaeilge, ach a mhalairt. Ach is go leathrúnda, cúlraideach atáthar ag dul don 'Enrichment Programme in Gaelic Studies'. Ní raibh múinteoir ar bith sásta dul faoi agallamh go fiú agus gealltanais acu nach n-ainmneofaí nó iad féin ná an áit. Ní raibh scoil ar bith sásta go n-ainmneofaí iad ach an oiread. Fiú má tá lá an léin thart sa Tuaisceart, tá aistear fada le déanamh fós.

ÉIRE THUaidh
RELAND NORTH
A CULTURAL MAP AND GAZETTEER
OF IRISH PLACE-NAMES





Cló Iar-Chonnachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: (091) 593307 Facs: (091) 593362

Saothair nua ó CIC

Í SIÚD (gearrscéalta)
Siobhán Ní Shúilleabháin
£6.50 ISBN 1 902420 03 9

Scéalta daoine a ríomhann sí anseo dúinn, scéalta a léiríonn an bhá atá leis an duine aici, agus an tuiscint faoi leith atá don duine aici; don bhean, ach go háirithe.



AN PHLUAIS AMA
Claire Dagger (úrscéal do dhéagóirí)
£4 ISBN 1 902420 11 X

Tá an domhan i mbaol... bhí an domhan i mbaol agus beidh an domhan i mbaol agus is baolach, go mbeifí fairsiúil an oile ar fhórsaí na martheasa mura dtiocfaidh trúr déagóirí cróga ar bhogha draíochta in am!



CLOCHMHÓIN (gearrscéalta)
Joe Steve Ó Neachtain
£6.50 ISBN 1 874700 38 9

Bronnadh Gradam Litríochta Chló Iar-Chonnachta ar an gcuasach seo i 1998.



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

CÚRSAÍ GAELTIGE 1999

Gach Leibhéal

Daoine Fásta, Eachtrannaigh,
Mic Léinn Tríú Leibhéal,
Sainchúrsaí do Chomhlachtaí

Bróisiúir agus gach eolas ó:
Áras Mháirtín Uí Chadhain

An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

Fón : (091) 595101
Facs : (091) 595041

ríomhphost : arasuichadhain@tinet.ie

Cúrsaí Reatha, Nuacht, Spórt, Cláracha agus
scoth an Cheoil ó 0800 go dtí 1930 gach lá den
bhliain FM 92-94 agus FM 102.7 ar fud na tíre.

GACH LÁ 0800 - 1930 ar 92 - 94FM agus 102.7FM



Radio na Gaeltachta
ar fud na tíre



Seán Mag Uidhir

Glór na Marbh

DEICH mbliana i ndiaidh dhúnmharú Phat Finucane, dlíodóir cearta daonna, shínigh breis agus 1,000 dlíodóirí fógra ag lorg fiosrúcháin iomláin neamhspleáigh phoiblí fá dtaobh don mharú.

Dlíodóirí in Éirinn, sa Bhreatain, i dtíortha ar fud na hEorpa, sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada a bhí iontu. Mí ó shin nó mar sin, foilsíodh an fógra sna nuachtáin laethúla sa tír seo agus sa Bhreatain.

Shínigh an dlíodóir as Baile Lorcáin, Rosemary Nelson, an achainí sin. Anois tá Rosemary Nelson marbh fosta, buama curtha faoina carr ag paramhíleataigh dhílseacha.

Tá an-chosúlachtaí idir maruithe na ndlíodóirí ábalta, cróga seo. Labhair siad amach in aghaidh éagóir an stáit ó thuaidh agus éagóir an chórais dlí féin, agus thuill siad an-naimhdeas ó lucht tacaíochta an *status quo* sa Tuaisceart.

Níl amhras ar bith ann gur dílseoirí de chuid an UDA a mharaigh Pat Finucane os comhair a chlainne ina bhaile féin ar an Bhóthar Aontroima i dTuaisceart Bhéal Feirste ar 12ú Feabhra 1989. Agus cé nár cúisíodh duine ar bith riamh, tá ainmneacha na marfóirí, duine acu ina cheannaire ar chimí UDA go dtí gur scaoileadh saor é tamall ó shin, i mbéal an phobail le blianta fada.

Ach is í an bhaint a bhí ag na fórsaí slándála ó thuaidh sa mharú atá ina cnámh spáirne go fóill. Cé go mbíonn sé deacair teacht ar an fhírinne faoi ranpháirteachas na bhfórsaí slándála sa mharú sa 'chogadh salach', tá go leor fianaise ann anois chun fiosrúchán neamhspleách a thuilleamh.

Duine de chlann mhór phoblachtánach ab ea Pat Finucane. Maraíodh deartháir dá chuid, a bhí ina bhall den IRA, i dtimpiste gluaisteáin i 1972. Bhí triúr dearthár eile aige sa phríosún de bharr gníomh a dhéanamh ar son an IRA.

Ach roghnaigh Pat Finucane bealach eile ar fad. Chuaigh sé i mbun an dlí. Rinne sé cosaint ar na céadta a bhí os

comhair na gcúirteanna Diplock, agus ar dhaoine a bhí á gcéasadh ag na fórsaí slándála ar na sráideanna.

Bhí roinnt cásanna móra faoina chúram lena linn. Bhí sé ina dhlíodóir ag an stailceoir ocrais Bobby Sands MP,

B'amhlaidh do Rosemary Nelson. D'oibrigh sí ina haturnae ag Comhghuallaíocht Áitritheoirí Bhóthar Gharbh Achaidh, grúpa atá ag cur in aghaidh mhórshíúl na bhFear Buí ó Dhroim Cria.



Pat Finucane

Níl baol ar bith ann go ligfear an cás seo i ndearmad. D'oibrigh muid ar feadh deich mbliana leis an fhírinne a nochtú faoi dhúnmharú Phat, agus leanfaidh muid ag obair go ceann deich mbliana eile más gá

a fuair bás sna H-Blocanna i 1981.

D'oibrigh sé fosta do mhuintir an triúr ball den IRA a maraíodh i nGiobráltair. Agus tamall sular maraíodh é féin, bhí sé ag i mbun cosanta do dhaoine a cúisíodh i marú bheirt saighdiúirí Sasanacha ag Casement Park i 1988.

Níorbh fhada go raibh bagairtí á ndéanamh go rialta ag baill den RUC ar Finucane. Tá go leor fianaise ann go raibh bleachtairí de chuid an RUC ag bagairt báis go rialta air agus iad ag ceistiú cliaintí dá chuid.

Bhí dlúthbhaint aici fosta le hiarrachtaí a rinne clann Robert Hamill ó Phort an Dúnáin chun cúisithe príobháideacha a ghlacadh in aghaidh roinnt fear a thug léasadh a bháis do Hamill i lár Phort an Dúnáin os comhair patrúil den RUC.

D'fhulaing Rosemary Nelson go leor de dhrochíde béil agus lámh an RUC. Bhí fianaise tugtha aici don UN faoi na bagairtí a rinne an RUC uirthi. Agus bhí an oiread sin buairimh ar a cairde fá dtaobh di gur iarr siad ar phríomhaire na Breataine, Tony Blair,



Na sluaite ag sochraid Rosemary Nelson

cosaint oifigiúil a thabhairt di. Níor tugadh an chosaint sin di.

I gcás Phat Finucane, tháinig an bhagairt ba bhaolaí ó Pharlaimint na Breataine féin. Trí sheachtain roimh mharú Finucane, dúirt an t-aire Douglas Hogg i Westminster go raibh roinnt dlíodóirí ó thuaidh róchairdiúil leis an IRA. Bhí a fhios ag madaí na sráide go raibh Hogg ag tagairt do Finucane agus do Phaddy McGrory, atur nae cosanta eile, mar gheall ar a dhíograisí is a chosain siad a gcuid claintí.

CÉ GUR Cáineadh Hogg as ucht an doras a oscailt do pharamfleataigh dhílseacha chun na dlíodóirí seo a ionsaí, níor shéan sé a chuid liomhaintí ina dhiaidh sin ná ó shin.

Ach tháinig an chéad bhlúire fianaise go raibh baint dhíreach ag na fórsaí slándála ó thuaidh le marú Finucane nuair a d'admhaigh gníomhaire de chuid oibreacha faisnéise na Breataine, Brian Nelson, fear a bhí ag obair taobh istigh den UDA, gur thug sé dhá rabhadh do na *handlers* san arm go raibh an UDA chun Finucane a mharú.

Chan amháin nach ndearn siad rud ar bith chun plean an UDA a chur ó mhaith, ach níor thug siad fiú rabhadh do Finucane nó dá chlann go raibh sé i mbaol báis.

Ar ndóigh, nuair a mharaigh an UDA Pat Finucane, shéan rialtas na Breataine go raibh baint ar bith ag aon dream de na fórsaí slándála leis.

Bhí an séanadh céanna ann nuair a maraíodh Rosemary Nelson. Ach ar a laghad d'admhaigh an RUC go bhfuil fadhb creidiúna acu sa chás, le ceapadh bleachtaire as Sasain le bheith i mbun an fhiosrúcháin le cuidiú ón FBI.

Tá comhlucht Pat Finucane, Madden and Finucane i mBéal Feirste, ag troid le deich mbliana anuas chun cás a chomhbhunaitheora a athoscailt. Bhailigh siad na blúirí fianaise le chéile faoin bhaint a bhí ag fórsaí an stáit leis an mharú.

Agus diaidh ar ndiaidh bhailigh siad an tacaíocht fá choinne achainí d'fhiosrúchán nua a fuair siad ó dhlíodóirí ar fud an domhain an mhí seo caite.

An lá céanna, thug siad tuairisc ar an mharú do rialtas na hÉireann, do rialtas na Breataine agus do ghrúpaí cearta daonna i Meiriceá. Ainmnítear na dúnmharfóirí sa tuairisc, agus tá

eolas nua ann faoi ról na bhfórsaí slándála sa scéal ar fad.

Tá an Cumann Dlí ó thuaidh idir dhá chomhairle fá dtaobh don chás, agus tá go leor dlíodóirí i measc na n-

Beidh cás Phat Finucane agus Rosemary Nelson ina chrá croí do na húdáraí go dtí go n-insítear an fhírinne

aontachtóirí ag cur in aghaidh rud ar bith a tharraingeodh míchliú ar an chóras dlí ó thuaidh.

Ach tá gach cosúlacht ar an scéal go mbeidh cás Phat Finucane agus Rosemary Nelson ina chrá croí do na húdáraí go dtí go n-insítear an fhírinne iomlán fá dtaobh dóibh.

Mar a dúirt Kevin Winters liom, comhghleacaí le Pat Finucane, ar na mallaibh: "Níl baol ar bith ann go ligfear an cás seo i ndearmad. D'oibrigh muid ar feadh deich mbliana leis an fhírinne a nochtú faoi dhúnmharú Phat, agus leanfaidh muid ag obair go ceann deich mbliana eile más gá."

Ag dul sna déaga — arís!

DE RÉIR cosúlachta, is rud an-choitianta atá san MM (*male menopause*) i saol na Gaeilge. Cé gur deacair a rá go beacht cé mhéad fear a bhfuil an tinneas ag gabháil dóibh, is dócha gur ina gcéadta is ní ina scórtha is córa a n-áireamh.


Tá rangabháil le déanamh ar na fir sular féidir a ghabháil níos doimhne sa scéal: ciseán na cathrach, agus ciseán na Gaeltachta. Uibheacha a shamhlófá i gciseán, agus is tráthach sin, mar is ag trácht ar an mblaosc tanaí é.

Tá saintréithe dá chuid féin ag roinnt leis an gcaoi a dtéann an tinneas i gcion ar na fir sna ciseáin éagsúla. Ní hionann, mar shampla, an aois a mbeireann an tinneas orthu.

maol agus mall (*meigeallomania?*) — iad féin a fhoilsiú ar bhealaí faoi leith, cé nach móide gur féidir prótataidhp a thabhairt chun cruinnis.

Féachaimís an fear Gaeltachta. *Paradise Lost* atá sa nGaeltacht dó seo. D'imigh-sin-is-tháinig-seo-achas. Mar a dúirt an Direánach: "Trua bheith fireann ar an uaigneas . . . cumas gach fir ag dul chun fuaire . . ."

Siombalachas láidir atá ar maos i dtorthúlacht na talúna is na feamainne, sin rud a shantaíonn an aicme seo. An dul in aois is dual do chách, cuireann meath an tseansaol barr agus bior air. An té a bhfuil MM air, goilleann sé seacht n-uaire air tobar fíorghlan na Gaeilge a bheith i ndísc agus luifear-nach Béarla ar snámh ann.



"AN BHFUIL LÁMH CHÚNTA UAIT?"

Ar an meán, is *menopause* measartha deireanach a bhualann fir na Gaeltachta. Meastar baint a bheith ag siúl sléibhe agus cladaigh leis sin, agus ag an bportar a óltar lá a mbíonn ceirnín á sheoladh, nó bullán á dhíol.

Dar ndóigh, bíonn dlús le gach ní sa mbaile mór, agus dá réir sin, bheadh súil gurb iad fir na *semi-detacheds* is túisce a thitfeadh in umar an tinnis. Tá amhlaidh.

Déanann comharthaí sóirt an MM —

'Snámh le sruth i ndiaidh na maidí a thugann luibheolaithe na Síne ar mheon na bhfear seo. Buaileann taomanna éadóchais iad faoina bhfuil i ndán'



CLOCHA BEAGA SCARTHA

Diarmuid Johnson

Snámh le sruth i ndiaidh na maidí a thugann luibheolaithe na Síne ar an meon aigne a bhíonn i dtreis i gcás na bhfear seo. Buaileann taomanna éadóchais iad 'faoina bhfuil i ndán'. Smaoiníonn siad ar bhriseadh gairme.

Ní hamhlaidh d'fhear na cathrach. Bíonn beagán feola airsean de bharr suí oifige, tiomáint cairr, agus cistíní móra na linne. (Ligimís orainn nach mbíonn feoil ar fhear na Gaeltachta.) Bualfaidh fíbin joggála é. Bíonn thuas seal thíos seal go mór air. Tumann sé é féin sna crualeabhra.

TUIGEANN SÉ anois nach dóigh go bhfillfidh sé ar an bhfód dúchais, ar an gcnoc glas i gcéin, ar an tigín cluthar sa ngleann, ar an áit ar ídigh sé macnas na hóige. Turas bliantúil chun na Gaeltachta, sin é a chion feasta. Scór bliain ó d'fhág sé an baile. Scór bliain ó thosaigh sé céim sa nGaeilge is sa stair. Dá mbeadh obair thiar gur thiar a d'fhanfadh sé.

Ach meabhraíonn sé dó féin gur biadán sa ló agus *olé olé* san oíche atá sa nGaeltacht ar aon nós. 'Níor bhain do mhuintir-se aon mhóin riamh', *spite* feamainne, is fataí fuara. Glacann sé misneach. B'fhéarr sean-nós Cois Life.

Tá Gaeilgeoirí fir ann nach mbualann MM ar chor ar bith iad. A bhformhór, seans. Aois a thagann orthusan. B'fhéidir gur dul in aois na hóige atá san MM. Athdhéagórachas. An té a bhfuil sé air, tá sé ag dul sna fir athuair. Tugann an fhearúlacht nua seo sólas don ábhar athfhir. Tá scaoileadh na ngad i gceist leis, agus an gad imleacáin.

Nach méanar daoibh, a bhantracht. Tá meas ar an *menopause* sin agaibhse. Rud nádúrtha é. Ní gá gur náir libh é. Tuigtear é, tuigtear daoibh. 'Trua bheith fireann ar an uaigneas . . . cumas gach fir ag dul chun fuaire.'

Iraq: US and British attacks continue

Uinsinn Mac Dubhghaill

WHY do US and British warplanes continue to attack Iraqi targets, despite the end of Operation Desert Fox just before Christmas?

Almost every day the warplanes attack, in so-called "low-intensity" operations that hit both military and industrial targets, with civilian casualties reported in at least two cases.

They include anti-aircraft batteries, boats carrying sea-to-sea missiles, military command posts, radio and television transmitters, and an oil pipeline.

Without any debate, US policy has moved from one of policing the no-fly zones imposed at the end of the Gulf War to a slow war of attrition. Pilots have been given more discretion to attack what they perceive to be potential threats without referring back to central command. The number and type of potential targets has been widened.

In the absence of a clear policy statement, it appears the US believes that if it hammers Iraq long enough the population will eventually rise against Saddam Hussein's brutal dictatorship.


Such a belief is not well founded. The commander of US forces in the Gulf has warned that moves to topple Iraqi president Saddam Hussein may destabilise the region.

"I am not opposed to the Iraqi regime changing," General Anthony Zinni said. "I am all for that change. I just cautioned to be careful on any kind of programs that we institute on how that might come about."

General Zinni was speaking to Reuters at the International Defense Exhibition in Abu Dhabi last month. In January he questioned US plans to support exiled Iraqi opposition groups, telling a committee of the US Senate that none of the existing organisations presented a viable threat to Saddam.


The US has named seven Iraqi groups in exile as eligible to share \$97 million earmarked to topple the Baghdad government.

Asked to comment on concerns that changing the Iraqi regime may lead to the break-up of the country, General Zinni said: "That's a very big concern. We do not want to see the territorial integrity of Iraq broken apart or changed in any way . . . We think it is important that it stays together. It is an important country [with a] very proud heritage, and it is important for the region that it stays together."



Ó Hanoi go Baghdad

Litir as Meiriceá




Desmond JOHNSON

FAD IS NACH Meiriceánaigh atá á marú, is beag aird a bheas ag an bpobal anseo ar an scliúchas ná ar an gcoimhlint san Iaráic, i gCosobhó, i nGrenada nó sa tSomáil, ná ar na mairbh a bhfuil a ndúchas sna tíortha sin. Agus is áil le ceannairí míleata is polaitiúla an pobal a bheith dírithe ar Michael Jordan, an Super Bowl, táinseamh Clinton, nó pé ní eile atá ina scéal mór ó lá go lá. Ní hamhlaidh do bhí le linn Desert Storm.

B'áil le ceannairí na linne sin an-tsuim a bheith sa gcogadh. Mar is éard do bhí uathu, seachas Saddam a chaitheamh as Cuáit, ná taispeántas a thabhairt. Chuir siad a n-arm nua is a ngiúrléidí breátha faoinár mbráid. Na hairm atá ag Meiriceá feasta, ní hiad a bhí acu aimsir Vítneam. Is na ceannairí a bhí ann aimsir Vítneam, ní hiad a bhí ann aimsir Desert Storm ach chomh beag.

Foghlaimíodh ceachtanna ar leith i Vítneam, agus tá rian na gceachtanna san soiléir sa neamhchogadh os cionn na hIaráice. Chaill Meiriceá go tubaisteach i Vítneam. Maraíodh is gortaíodh na sluaite. Tá go leor iarshaighdiúirí ón ré úd fós sna hospidéal anseo nó i mboscaí cairtchláir faoi na droichid. Siltear deora go flúirseach go fóill ag balla cuimhneacháin Vítneam i



An t-eitleán cogaidh Vulcan den chineál a bhí gníomhach le déanaí sna spéartha os cionn na hIaráice

Washington.

Ceathrar uachtarán Meiriceánacha a bhí sáite sa chogadh san. Nuair a d'fhág na Francaigh Vítneam i 1956, roinneadh an tír idir Vítneam Thuaidh is Vítneam Theas, ach socraíodh go dtionólfai toghchán le staid na tíre ar fad a shocrú.

Thuig an t-Uachtarán Eisenhower gur claonadh comhchummanach a bheadh ar an vótáil, is thug sé cabhair

"Our worst enemy seems to be the press"

d'uachtarán Vítneam Theas leis an dtoghchán a chur ar ceal.

In a dhiaidh san, bhí Kennedy ródhírthe ar na diúracáin Rúiseacha i gCúba le Vítneam a thuiscint. I dtús a ré, bhí Johnson ródhírthe ar chúrsaí inmheánacha Mheiriceá le greim cheart a fháil ar an scéal freisin. Is iad ceannairí Vítneam a bhí i mbun an chogaidh, dar le JFK is LBJ. Agus Meiriceá ag cabhrú leo tré MACV

(Military Assistance Command, Vietnam). Arís is arís eile cuireadh leis an gcabhair san, go dtí go raibh os cionn 500,000 saighdiúirí ag MACV.

Ach má bhí, ba bheag dul chun cinn a rinneadh in aghaidh an Viet Cong nó in aghaidh arm Vítneam Thuaidh a bhí taobh thiar díobh. Bhí ceannairí Vítneam Theas truaillithe go smior, is ní mórán spride a bhí ina gcuid saighdiúirí féin. Diadh ar ndiaidh,

is na cónraí ag teacht abhaile, chuir pobal Mheiriceá in aghaidh an chogaidh. Is de bharr oiread san easaontais sa bhaile, maraon le míthreorú an chogaidh, bhí sprid arm Mheiriceá ar lagtrá.

Faoi dheireadh na 60í, bhí a lán des na saighdiúirí tugtha do dhrugaí agus don spórt ar ar thug siad *fragging*. B'é sin greanáidí *fragmentation* a chaitheamh leis na hoifigigh lena ngortú nó a marú.

Ag druidim le toghchán '68,



Radharc sráide i mBaghdad le linn Feachtas Sionnach an Fhásaigh



Lín cogaidh ar bord an *USS Enterprise* le linn an t-*Sléibh* ar an t-*Sléibh*, 18 Nollaig 1998. *Cabhlach SAM*

gheall Nixon go dtabharfadh sé faoi "Vítneamú" an chogaidh is go seolfadh sé fórsaí Mheiriceá abhaile. Agus an toghchán buaite aige, thosaigh sé ag druidim siar, ach go rómhall. Thuig na meáin an tubaist ó thús nach mór. "Our worst enemy seems to be the press," arsa Nixon uair.

Tar éis an chogaidh, tugadh faoi atheagrú an airm. Beartaíodh nach mbeifí ag brath ar an gcoinscríobh níos mó. Beartaíodh nach mbeadh san arm ach óglaigh, daoine a bhí tugtha don arm agus do smacht an airm. Beartaíodh freisin dul níos mó i muinín na teicneolaíochta leis an slad a tharla do shaighdiúirí Mheiriceá i Vítneam a sheachaint arís. Agus ba shoiléir do lucht an airm gur ghá smacht a chur ar na meáin le linn cogaidh.

Cogadh beag a bhí in ionradh Grenada (1983), ach cleachtadh mór a bhí ann don gcóras míleata nua. Mar shampla, chas long den gcabhlach Meiriceánach ar dhream nuachtóirí is iad faoi sheol go Grenada. Tugadh an t-órdú dóibh scun scan: "Imí, nó cuirfear go tóin sibh."

Chas siad. Agus níor facthas as Grenada ach an méid ba mhian leis an arm. An rud céanna i bPanama le linn na n-ionsuithe i 1989. Níor tugadh cead a gcinn do na nuachtóirí Meiriceánacha, cuireadh príosún ar roinnt eagarthóirí de chuid Phanama, is scriosadh a ngléasanna foilseacháin is

craolacháin. Pé cúis a bhí leis an ionradh san i ndáiríre, togha cleachta a bhí ann don arm. Bhíodar lánnullamh do Desert Storm i 1991.

Sa chogadh san, léiríodh ceachtanna Vítneam go foirfe: teicneolaíocht is smacht. Agus is iomaí bréag a d'inis an t-arm faoin dtroid, agus faoin diúracán Patriot, mar shampla. Ach bhí an pobal sásta.

Ansan, díreach roimh dheireadh a ré, chuir Bush na saighdiúirí isteach go Somalia. Ba chosúil an lá sin gur deineadh dearmad ar cheachtanna Vítneam. Níor maraíodh ach beagán Meiriceánach, ach facthas a gcuid corp dá dtarrac tríd na sráideanna. Agus arís dob éigin do Mheiriceá cúlú. I gcomparáid le Vítneam nó an tSomáil, mar sin, is beag a tharla

san Iaráic go fóill leis an bpobal anseo a mhúscailt. Fad is nach dtarlaíonn, fad is nach bhfuil na meáin ag baint adhmaid as an scéal, is beag aird a bheas ag pobal Meiriceá ar an Iaráic, agus leanfar den neamhchogadh os íseal.

10² FM

Raidió na Life

Éist le . . .

carraigcheol

le Colm Ó Ríagáin gach Luan ó 9 go 10.30 I.n.

Má tá dúil agat sa rac-cheol nó sa cheol beo, beidh dúil agat i Carraigcheol. An aidhm atá ag Carraigcheol ná alrd an phobal a tharraingt ar bhannaí atá ag iarraidh a gcosa a chur i dtaca i margáil ceoil an lae innlu.

Go dtí seo is iad Luka Bloom, na Mary James, na Frames, na Plague Monkeys, na Marbles agus Manor na bannaí a ghlac páirt sna seisiúin bheo, agus beidh Blink, Jack L, Dr Millar, na Walls, Mark Dignam (ar an 12 Aibreán) agus The Prayer Boat (ar an 26 Aibreán) ar Carraigcheol smach anseo.

Reachtaíocht raidiceach rite

Deis agus dúshlán do na gaelscoileanna agus do mhuintir na Gaeltachta atá san Acht Oideachais

Seosamh Mac Donnacha

Bainisteoir Comhorduithe Polasaí,
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

IS É AN tAcht Oideachais an píosa reachtaíochta is tábhachtaí ó thaobh na Gaeilge de le scór blianta. Tá tagairtí sonracha don Ghaeilge i dtí cinn déag de mhíreanna an Achta agus is cinnte go dtabharfaidh an méid seo ugach agus misneach do mhúinteoirí Gaeilge ar fud na tíre. Ceann de na rudaí is suntasaí, áfach, faoin Acht seo ná go dtugann sé aitheantas reachtúil don chéad uair ariamh do

scoileanna Gaeltachta mar scoileanna ar a bhfuil cúraimí ar leith teanga agus a bhfuil riachatanais ar leith acu maidir le hábhar teagaisc, curaclam, seirbhísí tacaíochta agus taighde.

De thoradh na bhforálacha atá in alt 6 (i) agus alt 9(h) den Acht tá sé mar dhualgas anois ar scoileanna na Gaeltachta tacú le caomhnú na Gaeilge mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht.

Is deis agus dúshlán é an t-aitheantas seo do scoileanna, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí na Gaeltachta. Is deis é sa méid agus go ndearbhaíonn sé

don chéad uair riamh go bhfuil an cúram atá orthu i leith na Gaeilge níos leithne ná múineadh na Gaeilge amháin. Is dúshlán é i bhfianaise nach bhfuil próiseas pleanála teanga forbartha roimhe seo ag na heagraíochtaí eile a bhfuil cúram reachtúil orthu i leith na Gaeltachta. Fágann sé seo go mbeidh ar na scoileanna níos mó ná a gcuid féin den ualach a iompar.

Alt 31

IS DÚSHLÁN é freisin, ar ndóigh, de bharr nár cuireadh na hacmhainní ar fáil go dtí seo do scoileanna sa Ghaeltacht chun tabhairt faoin obair buanaithe agus sealbhaithe teanga a chaithfear a dhéanamh má tá siad chun 'tacú le caomhnú na Gaeilge mar phríomhtheanga an phobail'. Ach is féidir an t-easnamh seo a leigheas trí Alt 31. Is san alt seo atá an fhoráil a deireann go mbunóidh an tAire Oideachais eagraíocht chun freastal ar riachtanais scoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge agus chun comhairle a chur ar fáil don Aire maidir le múineadh na Gaeilge.

Is mór an méid atá bainte amach in Alt 31. Den chéad uair riamh tá lámh á tabhairt do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí na Gaeltachta ina gcinniúint féin ó thaobh cúrsaí oideachais de. Den chéad uair tá eagraíocht oideachais le bunú a bhfuil sé mar phríomhchúram uirthi freastal ar riachtanais oideachais na Gaeltachta agus na scoileanna

lánGhaeilge.

Beifear ag brath ar an struchtúr seo chun na fadhbanna bunúsacha atá i gcóras oideachais na Gaeltachta a réiteach taobh

Den chéad uair tá eagraíocht oideachais le bunú a bhfuil sé mar phríomhchúram uirthi freastal ar riachtanais oideachais na Gaeltachta agus na scoileanna lánGhaeilge

istigh d'achar gearr blianta. Fadhbanna a bhaineann le hábhar teagaisc, siollabais, oiliúint mhúinteoirí, seirbhísí síceolaíochta agus sláinte, an éagsúlacht i gcumas teanga na bpáistí, todhchaí scoileanna beaga na Gaeltachta agus mar sin de. Cuirfidh réiteach na bhfadhbanna seo go mór leis an tairbhe atá le baint ag daltaí agus thuismitheoirí na Gaeltachta as an gcóras oideachais.

Rannpháirtíocht

AN RUD is tábhachtaí faoi Alt 31 ná go bhfuil struchtúr le bunú a chinnteoidh go mbeidh deis ag thuismitheoirí agus múinteoirí na Gaeltachta a bheith rannpháirteach sna socruithe a bheidh á ndéanamh do thodhchaí an chórais oideachais Gaeltachta. Agus sin é an dúshlán is mó atá san Acht Oideachais do phobal na Gaeltachta. Caithfidh muid feasta muinín agus mis-

gaelscoileanna

Eagras náisiúnta deonach é **GAELSCOILEANNA** a bunaíodh sa bhliain 1973 mar Choiste Náisiúnta na Scoileanna LánGhaeilge.

Tá sé mar aidhm ag **GAELSCOILEANNA** tacaíocht agus cabhair a thabhairt do na scoileanna lánGhaeilge, chun fadhbanna a réiteach agus chun iad féin a fhorbairt.

Cuireann **GAELSCOILEANNA** eolas, cabhair, tacaíocht agus comhairle ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo scoileanna lánGhaeilge a bhunú nó scoil a fhorbairt mar Ghaelscoil.

7 Cearnóg Mhuirfean,

Baile Átha Cliath 2.

Teil: 01 639 8430

Facs: 01 639 8401

neach a bheith againn asainn féin mar mhúinteoirí, mar thuismitheoirí agus mar oideachasóirí. Caithfidh muid glacadh leis go bhfuil an dualgas orainn féin ar gcuid fadhbanna a réiteach agus a chreidiúint go bhfuil an cumas againn sin a dhéanamh ach na hacmhainní a bheith curtha ar fáil dúinn.

Oideachas Gaeltachta

CAITHFIDH muid a bheith sásta breathnú ar an obair atá ar siúl againn agus an cheist a chur orainn féin céard atá i gceist againn leis an rud a dtugann muid ‘oideachas Gaeltachta’ air. Cén cineál oideachais, curaclaim, siollabais srl is fearr a oireann don Ghaeltacht agus do dhaoine óga na Gaeltachta agus muid ag druidim isteach sa tríú mílaois.

Tógfaidh sé misneach an cheist sin a chur agus a bheith sásta córas agus coincheap oideachais a fhorbairt atá difriúil ó chóras oideachais na tíre.

Beidh orainn breathnú ar na hathruithe gur gá dúinn a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh an cumas, an tuiscint agus an misneach ag glúnta óga an lae inniu agus an lae amárach, ó Bhearna go Carna agus ón Rinn go

Gort a' Choirce, tús áite a thabhairt do theanga a muintire ar leic an teallaigh, i gclós na scoile agus ina saol poiblí,

Caithfidh muid a chruthú dóibh nach i mBaile Átha Cliath, i Londain ná i mBoston atá a dtodhchaí

oibre agus sóisialta. Is mór an méid é sin le hiarraidh orthu agus tógfaidh sé misneach é a iarraidh, go háirithe i bhfianaise na faillí atá déanta ag ár nglúnta féin. Caithfidh muid a chruthú dóibh nach i mBaile Átha Cliath, i Londain ná i mBoston atá a dtodhchaí – gur i gConamara, i dTír Chonaill agus i gCorca Dhuibhne atá sé – agus go bhfuil an Ghaeilge, mar acmhainn shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta, lárnach don todhchaí sin.

Ach caithfidh muid é a iarraidh orthu mar is orthusan a bhraitheann todhchaí na Gaeltachta, pé teanga a bheith á labhairt inti. Ach ní fiú é a iarraidh mura bhfuil muid tar éis iad a ullmhú chuige tríd an gcóras oideachais atá againn.

Níl córas oideachais na Gaeltachta mar atá sé inniu, córas atá fágtha ar an ngannchuid ó thaobh acmhainní de, córas nach ndearnadh ach mionathruithe air le seachtó bliain, córas atá deartha ag oideachasóirí na Galltachta, atá bunaithe ar thaithí oideachais agus sóisialta na Galltachta agus atá curtha in oiriúint do pháistí na Galltachta, níl an córas oideachais sin in inmhe don dúshlán mór oideachais, tionsclaíochta, sochtheangeolaíochta agus sóisialta a bhfuil múinteoirí agus thuismitheoirí sa Ghaeltacht ag dul i ngleic leis.

Fís Nua agus Acmhainní

TARRAINGÍONN an tAcht Oideachais na ceisteanna seo ar fad aníos agus cuireann sé an deis ar fáil dúinn chun tabhairt fúthu. Tá thuismitheoirí agus múinteoirí na Gaeltachta ábalta don dúshlán seo ach tógfaidh sé fís nua. Fís a chreideann gur féidir an t-oideachas is fearr sa tír a sholáthar i scoileanna na Gaeltachta agus go mbeidh scoileanna na Gaeltachta mar cheannródaithe san oideachas agus mar eiseamláir do scoileanna eile na tíre amach anseo. Sin é an dúshlán atá romhainn agus sin í an fhís a chaithfeas a bheith againn.

Teagasc na hEalaíne agus na hEolaíochta trí Ghaeilge Ranganna 3 agus 4 sa ghnáthbhunscoil

The teaching of Art and Science through Irish 3rd and 4th classes in the ordinary primary school.

Art: Teacher's Handbook £6.50
Science: Teacher's Handbook £6.50
Science: Pupil's Workbook £3.00

(1) Bain Triail As: Rang 3-4 (Eolaíocht trí Ghaeilge)

Lámhleabhar an Mhúinteora
Leabhar an Dalta

(2) Lean den Ealaín Rang 3-4 (Ealaín trí Ghaeilge)

Lámhleabhar an Mhúinteora

A comprehensive course in art and science through the medium of Irish for pupils in ordinary schools who have not previously been taught through Irish.



Is é atá sna leabhair seo ná cúrsa ealaíne agus eolaíochta do dhaltaí i Rang 3-4

sna gnáthbhunscoileanna atá ag tosú don chéad uair ar ábhar scoile a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Cúrsa dhá bhliain atá sa dá chás. Tá an t-ábhar teagaisc trialta roimh ré sna seomraí ranga ag breis is caoga múinteoirí thar tréimhse dhá bhliain.

Ba chóir go mbainfeadh scoileanna Lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta tairbhe as an gcúrsa seo chomh maith.

Ainm: _____

Seoladh: _____

Bain Triail As:

Rang 3-4 (Eolaíocht trí Ghaeilge)

Lámhleabhar an Mhúinteora £6.00 Líon: _____

Leabhar an Dalta: £3.50 Líon: _____

(Lámhleabhar an Mhúinteora saor in aisce nuair a cheannaítear 20+ cóip de Leabhar an Dalta)

Lean den Ealaín: Rang 3-4 (Ealaín trí Ghaeilge)

Lámhleabhar an Mhúinteora £6.00 Líon: _____

Méid Iniata

Chuig:

Institiúid Teangeolaíochta Éireann

31 Plás Mhic Liam,

Baile Átha Cliath 2.

Teil (01) 676 5489

Faics (01) 661 0004



Bíodh faobhar ar an Acht Teangan

Dáithí Mac Cárthaigh

MOLANN COMHDHÁIL Náisiúnta na Gaeilge ina plé-cháipéis maidir le hAcht Teanga go mbunófaí aonaid agus oifigí lánGhaeilge ar leith laistigh den tseirbhís phoiblí. Bheadh an cúram ceannasach orthu seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge agus a bheith dúis dá réir do chaighdeán na seirbhísí sin.

Níl aon sampla againn inar éirigh leis

an tseirbhís phoiblí freastal go sásúil ar lucht na Gaeilge, ach sna cásanna inar bunaíodh aonaid ar leith chuige sin: RnaG, TnaG, nó Aonad 88 na gCoimisinéirí Ioncaim.

An t-aon teist ar Acht Teanga is ea an tionchar a bhíonn ar shaol an ghnáth-dhuine. Bíodh gach ábhar scríofa: gach foirm, comhartha, fógra, bileog, srl, atá dírithe ar an bpobal dátheangach, an dá leagan ar aon mhéid le chéile.

Seo an t-aon rogha. Má chlótar

Ceanada: Cothrom an Dá Theanga

Dáithí Mac Cárthaigh

TÁ DHÁ theanga oifigiúla ag Ceanada: an Béarla agus an Fhraincis. Tá sé de cheart ag gach duine gnó leis na hinstiúidí feidearálacha a dhéanamh sa teanga oifigiúil is rogha leis féin.

Tá an ceart sin aige i gcás phríomhollgí na hinstiúide; sa phríomhchathair; i gcóntair a bhfuil éileamh suntasach ar sheirbhísí sa teanga oifigiúil sin; agus sa chás go mbeadh a léitheid reasúnach toise nádúr na tróige atá i gcéist.

Má ghlaitear ar Ambasáid Ceanada, tugtar le fios le teachtaireacht réamh-thaifeadta gur féidir gnó a dhéanamh leo i bhFraincis ach bímhír a dó a bhéir ar an nguthán. Réiteach simplí don tseirbhís phoiblí againne agus do léitheidí Telecom Éireann ach go háirithe.

Is coiteanta fógraí poiblí dhátheangacha *intercom* i dtíortha dhátheangacha, go háirithe fógraí réamhthaifeadta — méar eolais do Iarróid Éireann srl.


Géilltear don phacáistí dhátheangach ar tud Ceanada agus go deimhin i dtíortha dhátheangacha eile ar nós na Beilge. Céan fán go bhfuil tús crainne? Níl cead gluiche nó bréagán a úsáideann teanga eile a dhíol i Québec muna bhfuil leagan Francise ar fáil leis.

Tá polasaí teanga Blianta Québec bunaithe ar chosaint oríche ar mhionlach 2% i Meiriceá Thuaidh an Bhéarla a bhunú mar mhóramh ina n-áit féin agus an chríoch sin a chosaint.

I Québec cuirtear iallach ar ghnóchtair príobháideacha agus ar an tseirbhís phoiblí glacadh le scéimeanna chun an Fhraincis a chur in uachtar sa saol oibre: gurbí i teanga na hoibre agus na cumarsáide i idir scríofa agus labhartha í, go n-úsáidfí téarmaíocht Fhraincise, gur trí Fhraincis a riarar ealdreamh tionsclaíoch, agus mar sin de.

Tá cosc a bheag nó a mhór ar theagasc linbh trí Bhéarla (naíonraí san áireamh) i Québec agus gearrtar pionós trom má sháraítear an cosc.

In Éirinn, thabharfaidh a léitheid de leagan amach thuas trí cheart don téarma 'Gaeltacht'. Munar mian le toghcheantair áirithe dul le Gaeilge, bíodh cead acu iad féin a vótáil amach as an nGaeltacht Oifigiúil.



leaganacha Gaeilge agus Béarla astu féin, ní chlófar, ní scaipfear agus ní bhfaighfear na leaganacha Gaeilge.

Anuas air sin, toisc galltacht an chórais stáit, tá formhór lucht na Gaeilge aineolach ar théarmaíocht na hoifigiúlachta agus bheadh imní agus náire orthu tabhairt faoi fhoirmeacha lánGhaeilge, cé go líonfaidís foirmeacha dhátheangacha as Gaeilge.

Toisc an saol poiblí bheith ag síorathrú agus á phríobháidíú, baineann an réasúnaíocht chéanna le reachtaíocht i dtaobh chomhlachtaí móra, bancanna, cumainn foirgníochta, ceardchumainn, corparáidí gairmiúla agus mar sin de.

Tá úsáid fhorleathan an Bhéarla mar theanga oibre sa Ghaeltacht, i measc na bainisteoireachta ach go háirithe, ag cur go mór le creimeadh na Gaeilge inti. Is fíor an méid céanna faoi ró-úsáid an Bhéarla sna réimsí oideachais agus oiliúna.

Molann an Chomhdháil go mbunófaí Comhairle Contae lánGhaeilge don Ghaeltacht Oifigiúil agus go dtógfaí pleanáil teanga san áireamh i

gcúrsaí pleanála. Tagaim léi.

Ina theannta sin, ba ghá go leor oifigí agus fo-oifigí breise de chuid na seirbhíse poiblí sa Ghaeltacht chun seirbhís trí Ghaeilge sa Ghaeltacht a chinntiú. Ba ghá bearta ar leith ar nós ceardcholáiste lánGhaeilge agus ospidéal lánGhaeilge.

Ó thaobh na gcúirteanna de, molann an Chomhdháil go ndéanfaí Dúiche agus Cuard lánGhaeilge den Ghaeltacht agus go gceapfaí breithiúna ar leith orthu agus Gaeilge ar a dtoil acu.

Ina theannta sin, mholfainn faoiseamh ar aon dul le hurgaire Alt 27 de chuid an Acht Pleanála. Faoin urgaire sin, i gcás sárarithe an Achta, is féidir le duine ar bith ordú cúirte a fháil go gcuirfí cúrsaí ina gceart.

Is abhcóide agus eagarthóir ar I dTreo Deilbhcháipeise d'Acht Teanga Éireannach é an t-údar. Cnuasach alt ar stádas na Gaeilge in Éirinn, stádas na Fraincise i Québec agus i gCeanada, stádas na Breatnaise sa Bhreatain Bheag, agus comparáid eatarthu atá ann.

COISTE COMHAIRLEACH NA NÓG

Is mian leis an Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, Éamon Ó Cuív, T.D., Coiste Comhairleach d'Óige na Gaeltachta a bhunú leis na téarmaí tagartha seo a leanas:

Scrúdú a dhéanamh ar riachtanais na Gaeltachta sa mhílaois nua agus moltaí a dhéanamh ina dtaobh ag tabhairt aird ar leith ar na pointí seo a leanas:-

- riachtanais teanga na Gaeltachta le béim ar leith ar bhuanú na teanga i measc na n-óg;
- na meáin chumarsáide Gaeilge - riachtanais daoine óga;
- riachtanais oideachais na Gaeltachta;
- conas daoine óga a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh in obair agus in imeachtaí pobail;
- na seirbhísí agus na deiseanna fostaíochta atá riachtanach le daoine a spreagadh le fanacht sa Ghaeltacht;
- an bealach is éifeachtaí chun cabhair Stáit a thabhairt d'eagrais Ghaeltachta go háirithe ó thaobh struchtúir agus airgeadú (óg-eagraíochtaí san áireamh)

Beidh saol teoranta suas go dtí 30 Meitheamh 2000 ag an gCoiste agus beidh ionadaithe ó gach condae Gaeltachta air.

Tugtar cuireadh do ghrúpaí deonacha atá gníomhach sa phobal ionadaithe a ainmiú don Choiste, ag tabhairt cúiseanna lena n-ainmniúcháin. **Ní mór do na hionadaithe a bheith faoi aois 25.** (Ní ghlacfar le níos mó ná dhá ainm ó aon choiste.)

Ba chóir na hainmniúcháin a sheoladh chuig:

An Rúnáil,
Coiste Comhairleach na nÓg,
An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán,
An tEastát Tionsclaíochta,
Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall

roimh 5.30 i.n. ar an Aoine, 9 Aibreán 1999.



An Roinn Ealaíon, Oidhreacht,
Gaeltachta 7 Oileán
DEPARTMENT of ARTS, HERITAGE,
GAELTACHT and the ISLANDS

BUS ÉIREANN

LE HAGHAIDH DO CHUID RIACHTANAISÍ TAISTEAL UILIG:

- Seirbhís bus cathrach áitiúil agus ar fud na tíre
- Supabus go Sasana agus go dtí an Mhór Roinn
- Seirbhís iompair bheartanna
- Sos "Breakaway"
- Seirbhís bus scoile
- Seirbhís bus hireálta
- Seirbhís deireadh seachtaine do mhic léinn.

Le haghaidh tuilleadh eolais glaoigh isteach ag:

Bus Éireann-Ionad Taisteal, Gaillimh

091 562000 nó 091 563555

Facs 091 565077/566230



Teanga agus Cultúr na hÉireann

CÚRSAÍ GAELGE DO DHAOINE FÁSTA
Tosaitheoirí - Meán - Ard Leibhéal

CÚRSAÍ GNÍOMHAÍOCHTA

- *Bodhrán & Fliút
 - *Damhsaí Thír Chonaill *Péintéireacht Mara
 - *Siúl Sléibhe
 - *Seandálaíocht *Potadóireacht Cheilteach
 - *Tírdhreach & Cultúr *Fíodóireacht Taipéise
- Scoil Shamhraidh i dTeanga & Cultúr (24-31 Iúil)

CÚRSAÍ DO MHÚINTEOIRÍ

- *Cruinneas na Gaeilge
- *Múineadh na Gaeilge do Dhaoine Fásta

BILEOG EOLAIS 1999

OIDEAS GAEL,

Gleann Cholm Cille, Co Dhún na nGall.
Fón: 073-30248 Fax: 073-30348
email:oidsgael@iol.ie www.oideas-gael.com

'Aitheanta ag An Roinn Oideachais do Mhúinteoirí Bunscoile'

SIGHTSEEING COACH TOURS

Ó NEACHTAIN DAY TOURS

GALWAY

— SCENIC GUIDED FULL DAY TOURS OF —

- (a) Connemara
- (b) Burren and Cliffs of Moher
- (c) Other Full Day & Half Day Tours Arranged on Request

GALWAY CITY SIGHTSEEING TOUR ON OPEN TOP BUS

COACHES DEPARTURES/ARRIVALS:
GALWAY TOURIST OFFICE
(Ó Neachtain Bus Stop, Kinlay House)

- COACH HIRE • TOURS • DAILY SERVICE •
- CONTRACTS •

AND ALL OTHER OCCASIONS CATERED FOR
— DAY AND NIGHT SERVICE

TELEPHONE (091) 553188/553302
FAX (091) 553302

STUDENT, GROUP AND FAMILY SPECIAL RATES ON
ALL Ó NEACHTAIN DAY TOURS
LUXURY MERCEDES COACHES

CÉN SCÉAL?



.....
ÉIST leis an díospóireacht a
chuir moill céad bliain ar
shaoirse na hÉireann ...



.....
SEO LEAT go dtí seomra
an airgid, féach na
holograms, agus
Poll an Airgid ...




.....
CUIR eolas ar
chúrsaí baincéarachta
san ochtú céad déag ..

DÉAN turas
closamhairc trí stair
dhá chéad bliain ...



... sin cuid de na hiontaisí
atá romhat ag Scéal na
Baincéarachta ag Ionad
Ealaíon Bhanc na hÉireann,
Plás Foster, in aice le
Faiche an Choláiste.



The Story of Banking

UAIREANTA OSCAILTE
Máirt go hAoine: 10am go 4pm
Satharn agus Domhnach ach socrú
a dhéanamh roimh ré.

CEAD ISTEACH
Daoine Fásta £1.50
Mic Léinn £1.00
Grúpaí a bhfuil áirthint déanta
acu: in aisce

Plás Foster, Baile Átha Cliath 2
Guthán (01) 671 1488





Muintearas

Scéim Fhoghraíochta do Bhunscoileanna Sraith cheithre leabhrán (Céim 1 agus Céim 2) Cairteanna agus spríocphictiúir



Más mian leat breis eolais a fháil i dtuoh an phacáiste seo,
Íon isteach an fhoirm agus seol ar ais chugainn í.



Ainm

Scoil

Seoladh

..... Fón

Muintearas, Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe. Teil: 091-551145/551412 Facs: 091-551277
Ríomhphost: muintearas@iol.ie Leathanach baile: <http://homepages.iol.ie/~muintear>

Ar mhaith leat scríobh do *Cuisle*?

Tá forbairt bhreise á beartú do *Cuisle*, iris don aois nua. Chuige sin, ba mhaith linn cur lenár stoc altanna sna réimsí seo:

- nuacht agus cúrsaí reatha
- sainspéiseanna, ina measc: ceol, teicneolaíocht, roghanna saoil neamhghnáthacha, leigheasanna nua agus sean, taisteal, timpeallacht, oideachas
- saol na Gaeltachta, go háirithe i dTír Chonaill agus i gcúige Mumhan
- ábhar grinn agus ábhar éadrom eile
- ábhar d'fhoghlaimoirí Gaeilge
- ábhar do pháistí agus do thuismitheoirí a thógann clann le Gaeilge

Más scríbhneoir samhlaíoch thú agus má tá fonn ort dul i mbun pinn do *Cuisle*, cuir scéala chuig:

An tEagarthóir,
Cuisle,
Casla,
Co na Gaillimhe.

Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie



Chuaigh Cathal Ó Cozig ag guairdeall ar an idirlíon. Céartaí poist neamhghnáthacha, stair an fhata agus rapairí na fógraíochta: seo blaiseadh dá bhfaca sé ann

m

AR GHEALL ar an méadú mór atá tagtha ar úsáid ríomhairí baile le blianta beaga anuas, tá méadú mór ag teacht ar úsáid an idirlíon. Is ionann an t-idirlíon agus leabharlann mhór dhomhanda, agus colas faoi chuile ní ann. Is doras isteach sa leabharlann atá i chuile ríomhaire. Is furasta duit do bhealach a dhéanamh isteach, ach go minic ní bhíonn sé chomh héasca do bhealach a dhéanamh amach.

Ní leabhra atá sa leabharlann

seo ach home-pages, suíomhanna baile. Le teacht ar an suíomh, níl ort ach an seoladh URL a scríobh isteach sa bhfoirm <http://www.Ésinó.tóraíocht.ie> nó tóraíocht i gceann ar bhith de na heolairí (www.yahoo.com).

Chuaigh mé ag guairdeall ar an idirlíon agus phioc mé amach roinnt suíomhanna greannmhara, neamhghnáthacha.

French Fries

MÁS MAITH leat 'French Fries', tá suíomh iontach agam duit. Is fiú cuairt a thabhairt ar an suíomh seo, mar tá stair iomlán an fhata agus an 'chip' ann. Is beag a cheap mé féin go raibh stair an 'chip' chomh suimiúil is atá!


B'iad na hIncas is tuise a bhain fataí i 750rc. Déantar cur síos ar na turais anonn is anall a rinne an fata trasna an Atlantaigh. An chaoi a ndeachaigh sé go dtí an Eoraip don chéad uair i 1596, agus mar a thug

Éireannaigh ar ais arís go Meiriceá é céad bliain ina dhiaidh sin. Na tréimhsí a chaith sé san Eoraip, agus an cháil a bhí air gur nímh a bhí ann, agus ina dhiaidh sin arís an nair a síleadh é a bheith ina *aphrodisiac*!

Tá cur síos ann ar an graoi a ndíoltaí iad ar shraideanna na Fraince i dtús an cheid, agus mar a thug na saighdiúirí ar ais arís go Meiriceá iad amsir an chéad chogadh domhanda.


Go dtí an lá atá inniu ann, itheann muintir Mheiriceá meachán sé mhíilliún punt 'fries' chuile bhliain.

Ná déantar dearmad gur chrothaigh an tUasal Mac Donald 'ríomhaire na bhfataí' i 1957! Tá fuilleach colais faoi ar an suíomh: http://www.stim.com/Stim-x-9.2_fries/fries-09.2.htm



Postcards

SUÍOMH an-spéisiúil ar tháinig mé air, ceann faoin bhfotheideal: 'tacky postcards'. Bailiúchán cártaí poist míshlachtmhara atá ann, agus iad ann ó chuile cheard den domhan. Tar éis duit iad a fheiceáil, má cheapann tú go bhfuil a leithéid de chárta agat féin, tá áis ann lena chur chucu! Tá an leathanach leagtha amach mar seo a leanas: daoine cáilúla — ní mholann na pictiúir iad; drochfhógraíocht — ní



bheadh

fonn ort na hearraí a cheannacht; frith-thurasóireacht — bheadh drogall ort cuairt a thabhairt ar na tíortha atá i gceist.

Seo sampla de cheann de na cártaí 'frith-thurasóireachta': scuaíne turasóirí ag bualadh bóthair amach ón mbaile, gan duine ná deoraí fágtha ann, ná an tacsáí áitiúil féin é! Tá neart eile den chineál seo le fáil ag an seoladh: <http://www.yackymail.com>

ADBUSTERS

SUÍOMH É SEO a bhfuil greann ag roinnt leis, ach a bhfuil téama níos dáiríre ann chomh maith. Is eagraíocht dheonach iad 'Adbusters' a bhfuil sé mar aidhm acu ár gcultúr fógraíochta a athrú. Dar leo go mbíonn na meáin ag iarraidh orainn tuilleadh agus tuilleadh a cheannacht agus gan an domhan in ann aige. Ba mhaith leo cultúr nua a chruthú a mbeadh tuiscint níos fearr aige ar an leas eiccolaíochta agus sóisialta, agus gan an tráchtáil mar bhun dó.

Kalle Lasn atá taobh thiar den eagraíocht seo a bunaíodh i 1989. Bíonn roinnt mhaith feachtaisí ar bun acu i rith na bliana, 'Buy Nothing Day' agus 'TV Turnoff Week'. Tá an eagraíocht an ghníomhach i gcúrsaí timpeallachta agus foilsíonn siad iris nach mbíonn aon fhógraíocht inti. Tá gar do 40,000 léitheoir acu i scór tír, agus is fiú colas a chur ar a ndearcadh.

Ceann de na gnéithe is mó a spreag mo shuíomh inti ná na 'spoof ads' a bhíonn á bhfoilsíú acu. Is fógraí bréige iad seo a dhéanann ceap magaidh de fhógraí na gcomhlachtaí móra, leithéid 'Nike', 'Calvin Klein', 'Absolute Vodka', agus 'Tommy Hilfiger', agus is breá le 'Adbusters' an áibhéil iontu seo a léiriú:

<http://www.adbusters.org>

UAIR NA CINNIÚNA don phobal beag náisiúnach a chónaíonn ar Bhóthar Gharbh Achaidh i bPort an Dúnáin. Ceantar lucht oibre ar dearnadh príosún as le linn léigear na bhFear Buí gach samhradh le cúig bliana anuas.

An é an scéal céanna a bheas ann i mbliana? An mbeidh na híomhánna seo le feiceáil ar an teilifís arís? Agus muid ag teannadh leis an 12 Iúil, an gcloisfear torann na ndrumaí móra sa ghort garbh, drumaí a mbuailtear gan stad gach tráthnóna go meánoíche nó ina dhiaidh? An gcloisfear fothram na heileacaptar míleata, iad ag eitilt de shíor os cionn na dtithe?


Le dúnmharú Rosemary Nelson tá aird arís ar na hionsaithe seicteacha atá ag dul ar aghaidh i rith an ama sa cheantar. I dtuarascáil a d'fhoilsigh Comhghuallaíocht Áitritheoirí Bhóthar Gharbh Achaidh, deirtear gur eagraigh fir bhuí os cionn 140 agóid ann idir Iúil 1998 agus Eanáir 1999.

Lena linn sin, dódh cuid mhaith tithe agus gnóluchtaí náisiúnacha go talamh; rinneadh ionsuithe gránna ar na scórtha náisiúnaithe; agus maraíodh ceathrar.

Cúis náire é do na meáin chumarsáide a laghad tuairisceoireachta atá déanta ar na hlonsúithe seo. Samhlaigh cé chomh mór is a bheadh sé ina scéal dá mbeadh tromadócht leanúnach den chineál sin á himirt ar an bpobal gorm i mBrixton.

Faoi Chomhaontú Bhéal Feirste tá de dhualgas ar na páirtithe uile – rialtas na Breataine san áireamh – féachaint chuige go mbeidh saol “saor ó thromaíocht sheicteach” ag chuile dhuine. Cén uair a chomhlíonfar an gealltanas sin?

Uinsíonn Mac Dubhghaill



Faithíos agus tuairisc



pic: PHOTOCALL



pic: PHOTOCALL

Aráin Gort Garbh



"NACH MÓR AN TÓGÁIL CROÍ DUIT É SIN."

Ar chuir Pádraic Ó Conaire tús le ta

Seán Ua Cearnaigh

Ceist sheafóideach, déarfá. Nach eol dúinn uile gur chuir na Meiriceánaigh tús le taemhálaí leathchéad éigin bliain ó shin, ach nach raibh aon ráchairt orthu in Éirinn go dtí na 1960í.

Sea, mhuis, is cinnte gur chuir na Poncánaigh tús leis na taemhálaí. Ach cé chuir an smaoineamh ina gcinn? Is é mo bharúil láidir féin gurbh iad muintir Chonamara, iad siúd a d'imigh chun deoraíochta go Boston agus áiteanna eile sna Stáit Aontaithe, ba thuisce a smaoinigh ar na taemhálaí. Conas san, a déarfá? É seo — gur léigh siad, nó gur chuala siad daoine ag caint faoin méid

a scríobh sean-Phádraic Ó Conaire ceithre éigin scór bliain ó shin ina aiste álainn *Sa gCoill*. Iad siúd a léigh *An Crann Géagach*, chuimhneoidís ar an méid a scríobh Pádraic faoi bhéile oíche a chaith sé i gcoillín uaigneach.

Bíodh sé againn anois:

"Níor óladh ariamh cupán tae níos fearr ná an tae a rinne mé an oíche sin sa gcoill. Molaim duit, a léitheoir, do chuid tae a fhliuchadh ar an dóigh chéanna. Sea, agus é a ól i ndoire coille le titim na hoíche.

"Bíodh an t-uisce ar fiuchadh agat, agus cuir an tae isteach i mála beag líneadaigh, agus tuim an mála isteach sa gcanna. Ná fágfar rófhada ann é — is leor

dhá nóiméad má bhíonn an t-uisce ar fiuchadh i gceart — bain an mála líneadaigh as an ártach, cuir do chuid bainne nó uachtar ann agus sásóidh an deoch sin thú más féidir thú a shású ar chor ar bith.

"Shásaigh sé mise ar chaoi ar bith: b'iontach mura sásóidh dea-thae, arán agus im úr agus uibheacha a rugadh an lá céanna mo leithéide d'fhear taistil. Sea, béile sách maith ag rí nó ag rí-dhamhna an béile sin ach é a ghléasadh dhó féin le titim na hoíche i lár coille craobhaí agus óige na bliana ann le aitreas a chur ar a chroí le méad a hiontais."

Scríobh sean-Phádraic na focail thuas thart faoi cheithre



paíraic ó fíanc beirce a

BA AS SOMERSET Shasana do John Langley ó dhúchas, agus nuair a scríobh sé a uacht ar an 3ú Márta 1794, léirigh sé go maith an urraim a bhí aige do na Gaeil. Seo í an uacht:

"Fágaim mo theach agus gach a bhfuil ann agus m'fheilm, Blackettle, a bhfuil 253 acra ann, ag mo mhac, Stubborn Jack, mar a thugtar air go háitiúil, agus ag a chuid oidhrí go deo ach a bpósfaidh sé Protastúnach, cés móite d'Alice Kendrick, bean a thug *Oliver's whelp* orm.

"Fágaim mo bhriste craiceann fia agus mo stopallán airgid tabaic - *silver tobacco stopper* - a bhfuil J.L. greannta air, ag mo chara Richard Richards, fear a thug cúnamh dom le

linn ruathar Chluain Meala nuair a lámhachadh sa chois mé.

"Coinneoidh mo mhac John mo chorp os cionn cláir ar feadh sé lá agus sé oíche tar éis mo bháis, agus cuirfidh Grace Kendrick os cionn cláir mé, agus gheobhaidh sí scilling as ucht é seo a dhéanamh.

"Leagfar mo chorp ar an mbord darach sa seomra donn, agus beidh cuireadh ag caoga fear Éireannach chuig mo thórramh agus beidh dhá chart fuisce do gach duine acu, agus leagfar scian os comhair gach duine acu, agus nuair a bheidh an t-ól déanta, cuirigí tairní i mo chónra agus cuirigí sa bhfód dúchais mé."

Nuair a fiafraíodh dó cén fáth a mbeadh sé chomh flaitiúil leis na hÉireannaigh, dream nach raibh gean aige dóibh riamh, is éard a dúirt sé:

"Beidh siad ar meisce ar mo thórramh, agus maróidh siad a chéile, agus dá ndéanfadh an uile dhuine mar atá déanta agamsa i m'uacht, gheobhadh muid réidh leo ar fad ar deireadh!"

LEABHAIR NUA DO PHÁISTÍ

Sa Pháirc Phoiblí

pléilín agus focail



An Gúm

Is breá le páistí cuairt a thabhairt ar pháirceanna poiblí. Sa leabhar seo tá 40 grianghraf de na plandaí agus de na hainmhithe a d'fheicfeadh páistí ina dtimpeall i bpáirc phoiblí chomh maith leis na fearais a mbeidís ag súgradh orthu.

ISBN 1-85791-289-6 £3.20

IN AON SRAITH LEIS SEO TÁ:

Céard É Féin? ISBN 1-85791-108-3

Sa Teach ISBN 1-85791-109-1

An Fheirm ISBN 1-85791-107-5

£3.20 an ceann

Bran ag obair

Eric Hill



Is iontach an maidrín é Bran. Sa leabhar seo feicimid é ag tabhairt lámh chúnta dá Mham.

ISBN 1-85791-294-2 £2.50

Codladh sámh, a Bhrain

Eric Hill



Maidrín iontach é Bran. Ag súgradh a bhí sé inniu agus tá tuirse an domhain air i ndeireadh an lae.

ISBN 1-85791-293-4 £2.50

AN GÚM

Teil: (01) 809 5034 gum@educ.irg.gov.ie
An Rannóg Postdíola (01) 661 3111
Dáileoir: ÁIS (01) 661 6522

emhálaí?

scór bliain ó shin agus is iomaí Gaeil — i gConamara, ach go háirithe — a léigh iad is a reitigh an tae. b'fhéidir, díreach mar a mhól an Conaireach dóibh. Níl dream ar domhan mós ingtha don tae na Gaeilgeoirí an Iarthair. Seans an-mhaith gurbh iad deoraithe Chonamara an chead dream riamh i Meiricea a bhain leas as taemhálaí, a bhnochas san do shean-Phadraic Ó Conaire.





SEIF

an galar nach luaitear

TÁ AIDS ag leathadh go tubaisteach. Faoin am seo, tá an galar ar 33.4 milliún duine ar fud na cruinne, sin ardú 10% ar 1997. Is san Afraic agus san Áis is measa atá an fhadhb. Tá AIDS ag leathadh roimhe i Meiriceá Theas agus sna hOileáin Chairibeacha chomh maith (féach an painéal thíos).

Tá fiche bliain ann ó tugadh suntas don ghalar an chéad uair, agus faoin am seo tá sé ina phlá chríochnaithe. Tá 14 milliún tar éis bháis de bharr AIDS cheana féin: cailleadh 2.5 milliún díobh i 1998. Agus is baolach gur chun donais a rachas an scéal. Bíonn tréimhse suain deich mbliana nó níos mó ag an galar

sula dtéann sé in ainseal ar an duine. Is sna blianta atá romhainn is líonmhaire a bheas daoine ag fáil bháis le hAIDS mar sin.

I 1998, is páistí faoi bhun 15 bliana a bhí sa deichiú cuid díobh siúd ar bhuail AIDS iad. Sin 1.2 milliún páiste. A bhformhór seo, thóg siad an galar sa mbroinn, nó le linn dóibh bainne na cíche a ól.

Tá an scéal chomh dona is go bhfuil géarchéim shóisialta agus eacnamaíoch á tuar in áiteacha. Tá an ráta báis ag éirí go suntasach i measc na naíonán. Glacann daoine leis gur bás go hóg atá i ndán dóibh. Tá na hospidéal ag cur

thar maol le hothair, líon na ndílleachtaí ag éirí go mór, agus na tionscail ar easpa oibríthe.

Sna tíortha forbartha, cuireadh na daoine san airdeall ar AIDS go luath. Sa tríú domhan, áfach, níl na meáin chumarsáide chomh láidir. Dá bharr seo, agus de bharr an chultúir, ba dheacair feachtas tuisceana a chur ar bun.

An eitinn ar ais

TÁ DLÚTHBHAINT ag víreas an HIV le forás na heitinne ó 1994 i leith. Síleadh tráth go raibh deireadh leis an

Líon na ndaoine a bhfuil víreas an HIV orthu:
33.4 milliún

Dáileadh na ndaoine sin:

An Afraic (ó dheas den Sahara): 22.5 milliún
Deisceart agus Oir dheisceart na hÁise: 6.7 milliún

Meiriceá Theas: 1.4 milliún

Meiriceá Thuaidh: 890,000

An Eoraip: 500,000

Na hOileáin Chairibeacha: 330,000

Oirthear na hEorpa agus An Áis Láir: 270,000

ag leathadh - ag scaipeadh
go tubaisteach - with disastrous consequences
ar fud na cruinne - ar fud an domhain
tugadh suntas dó - it became evident
plá chríochnaithe - a fullblown epidemic
tréimhse suain -

incubation period
in ainseal - becomes chronic
líonmhar - abundant
sa mbroinn - in the womb
géarchéim - crisis
á tuar - forecast
atá i ndán dóibh - in store for them
otha(i)r - patient(s)
easpa oibríthe - a depleted workforce

san airdeall - wary
feachtas tuisceana - an awareness campaign
forás na heitinne - the emergence of TB
neamhforbartha - underdeveloped
síol na heitinne - TB virus
tógfaidh siad - tógfaidh siad
an chosaint nádúrtha - natural immunity

An Afraic Theas

IS BEAG tír ar domhan a bhfuil AIDS ag scuabhadh tréith chionn tapaigh is atá san Afraic Theas. 40 milliún is daonra den tír, agus tá an víreas ar idir trí agus ceithre milliún duine díobh cheana. Tógann 50,000 duine an víreas gach mí, a bhformhór sin i measc na geiní gorma. "Is nárhaid níos contúirtí atá in AIDS ná a bhí sa gcinéidheighilt," arsa Nkosazana Zuma, an Aire Sláinte. Tá an náisiún i mbaol a scriosta dá bharr, dar le Zuma.

Tá baol ann, arís, go mbeidh víreas an HIV ar 20% den phobal gníomhach faoin mbliain 2000. In ospidéal Soweto, bíonn víreas an HIV ar an tríú cuid de na páistí a saolaítear. Tá 200,000 páistí ina ndíleachtaí sa tír de bharr AIDS.

eitinn, ach is í is cúis bháis do idir dhá agus trí mhilliún duine sa mbliain faoi láthair. Bualann an eitinn ocht milliún duine gach bliain anois. Is í sé chinn de thíortha na hÁise atá 4.5 milliún díobh sin: An Ind, An tSín, Banglades, An Phacastáin, An Indonáis, agus Na Filipíní.

Is iomaí tír neamhfhorbartha a bhfuil síol na heitinne á iompar ag suas le 30% den phobal. Má thógann siad víreas HIV, tá gach baol ann go dtolgfadh siad an eitinn. Tarlaíonn sin de bharr go milleann víreas an HIV an chosaint nádúrtha atá acu. Ar ndóigh, is galar thar a bheith tógálach atá san eitinn ann féin. Fágann sin go bhfuil dhá ghalar thógálacha ag brú rompu sa tríú domhan, dhá ghalar mharfacha.

Munar féidir stop a chur le leathnú na heitinne san Áis, tá baol ann go mbualfaidh sí críocha eile freisin. Go deimhin, tá an eitinn ag scaipeadh i oirthear na hEorpa le blianta beaga, áit a raibh smacht úrthi le dhá scór blian.

Is féidir an eitinn a leigheas, ach is deacair é sin a dhéanamh má tá an t-othar san ísle bhrí de bharr HIV. Agus áit a mbíonn epidimic i gceist, ní bhíonn na hacmhainní ann le stop a chur leis an ngalar.

tógálach - contagious
críocha eile - other regions
san ísle bhrí - due to/because of
cínéidheighilt - apartheid
i mbaol a scriosta - facing with
an pobal gníomhach - the active
population
saolaítear - a thagann ar an saol
díleachtaí - páistí a bhfuil a máthair
basáilte

Gach mí, foilsíonn Cuisle sliocht próis le scríbhneoir cumasach. Más beag leabhar Gaeilge a léann tú, tá súil againn saothair mhaithe a chur ar do shúile dúit. Más mór do dhúil i léamh na Gaeilge, ach gan fios agat cén taobh a gceasfaidh tú, tá súil againn gur treoir dúit a bheas i rogha Cuisle. Seo é an seachtú sliocht.

FÉIRÍN, SCÉALTA AGUS EILE le Séamas Mac Annaidh
Coiscéim

OCRAS

DÁ SIÚLFADH sé isteach go Sráid Camden seans go bhfaighfeadh sé leathdhosaen oráistí ar chaoga pingin. Dá rachadh sé ar an bhus ní bheadh an caoga pingin féin le spáráil aige. Ní fhéadfadh sé aghaidh a thabhairt ar na sáspain a bhí carntha sa doirteal le cúpla lá anuas. Ní raibh caill ar an rís a d'ullmhaigh sé dó féin ar éirí ón tocht dó. Rís, canna beag de pacific pilchards agus roinnt piseanna reoite a bhí fágtha ón lá roimhe, iad brúite le chéile in aon phota amháin. Bhí na potaí uilig salach anois. Bhí an bia go maith áfach, a fhad is a d'fhanfadh sé sa bholg aige. B'fhearr gan dul ar ais a luí mar sin. Chuideodh oráiste leis na píanta sna géaga aige a laghdú. Easpa vitimíní ba chúis leo, is dócha.

Chuaigh solas na gréine go smior ann agus mhothaigh sé go raibh sé róbhán, rólag le bheith amuigh faoi. Cheangail sé cnaipí a chóta agus chrom sé a chloigeann. Shiúil sé taobh leis na ráillí, faoi scáth na dúthe, a chosa ag strachailt le bruscar na sráide. B'fhearr leis go mbeadh dorchadas fionnuar ann a choinneodh faoi cheilt é nó bhí eagla air go bhfeicfeadh sé trua ar aghaidh duine éigin. Ba dhona leis nach raibh spéaclaí dubha aige. Seans go bhféadfadh sé péire a sciobadh áit éigin.

Ní raibh bean ar bith den lucht díolta torthaí sásta níos mó ná cúig oráiste a thabhairt dó, agus bhí leisce air dul ag margáocht leo. Ní thiocfadh an chaint ach go ciotach chuige ar aon nós. Cad a déarfadh sé - tá píanta sna cosa agam, bfm cromtha síos as masmas mo ghoile ar uairibh? Tig mearbhall i mo cheann má fhanaim i mo shuí níos mó ná cúig nó sé huair an chloig i ndiaidh a chéile . . . ?

Dada níor dhúirt.

Leathdhosaen oráistí - sé oráiste
le spáráil - to spare
carntha - heaped up
doirteal - sink
caill - cailleadh, locht, easpa
d'ullmhaigh - réitigh
tocht - mattress
piseanna reoite - frozen peas
bruite le chéile - cooked, prepared together
gan dul ar ais - not to go back
géaga - cosa agus lámha

go smior ann - to the marrow, through him
chrom - d'ísligh; chuir sé a cheann faoi
streachailt - caught up in
dorchadas fionnuar - cool darkness
faoi cheilt - under cover, i bhfolach
sciobadh - snatch
margáocht - bargaining
ciotach - místuama, awkward
masmas - míisc, nausea
mearbhall - spinning sensation

COMHUIRTEAN

Céard is ciall le:
Éadúchas

1. A jealous outburst
2. A sense of placelessness
3. A clothes horse

... na píanta is aisce don chéad fhreagra ceart agus ...
... nó ceann do chara leat má tá aithne agat ...
... Seol do chuid freagraí dhéan. ...
... Coir na Gaillmhe

Buaiteoir na míosa

Céard is ciall le duine forbheartach?
COMHGHAIROGLACHAS le
Deasún Ó Seanáin, 244 Arda
Thír Oileáir, Gallimh, a
buaigh comórtas na míosa
seo eile. *A dynamic
individual* an bfuair a bhí a
fíor agairt. Tá sí rís bliana
ar a bhealach chugainn.

Ta mairbh leach dar leath-
eoirí níos a chuid tarraic
isteach ar an n-ádh. Ba
é freagra *INDIAN* a chuid
cheann a d'fheicimid in
an bha

Leagan Cainte



Liam Mac Con Iomaire

Drochaimsir

'O LC IS UILE is mar a bhí an aimsir' - an leagan nádúrtha Gaeilge é sin? Is ea, i nGaeilge Uladh. 'Olc is mar a bhí an aimsir' an bealach is simplí lena rá, ach cuirtear 'is uile' nó 'ar fad' isteach freisin: 'Olc ar fad is mar a bhí an aimsir' mar shampla. Deir Dónall Ó Baoill go mb'fhéidir gur ón mBéarla a tháinig 'is uile' agus 'ar fad' ach go mbeadh sé deacair é sin a chruthú. D'fhéadfá: 'Dá olcas is uile is mar a bhí an aimsir' a rá freisin agus ceapann Dónall gur cruthú taobh istigh den teanga féin atá ansin, seachas aithris ar an mBéarla.

'Dá olcas is a bhí an aimsir' a bheadh ag Eibhlín, i nGaeilge na Mumhan, agus 'Dá dhonacht dá raibh an aimsir' a bheadh ag Seosamh, i nGaeilge Chonnacht.

Ceacht staire

'Níl mé ag dul ceacht staire a thabhairt daoibh' - an bhfuil sé sin ceart? Níl. D'fhéadfá 'Níl mé ag dul ag tabhairt ceacht staire daoibh' a rá, nó 'Nílím chun ceacht staire a thabhairt daoibh'. D'fhéadfá freisin 'Níl fúm ceacht staire a thabhairt daoibh', nó 'Níl sé i gceist agam ceacht staire a thabhairt daoibh'.

An bhfuil sé ceart 'Tuairiscionn Seosamh Ó Cuaig' a rá? Ní cheapann Seosamh féin go bhfuil agus déanann sé iarracht an leagan a sheachaint. Nós é a tháinig isteach ón mBéarla agus atá greamaithe sa nGaeilge anois agus is deacair fáil réidh leis. B'fhearr le Seosamh agus leis an bpainéal ar fad rud éigin mar: 'Seo tuairisc ó ...' nó 'Tuairisc anois ó...'. Sampla eile den chineál sin ruda is ea: 'Pléadálann siad neamhchiontach'. B'fhearr an Aimsir Ghnáthláithreach a sheachaint ansin freisin agus 'Tá siad ag pléadail neamhchiontach' a rá, nó 'Tá siad ag éileamh go bhfuil siad neamhchiontach.'



Nil a fhios agam dubh, bán nó riabhach

An bhfuil an leagan seo nádúrtha: 'Fuair an cluiche garbh?' Ní bheadh aon ghlacadh ag an bpainéal leis. B'fhearr leo 'D'éirigh sé garbh'. B'fhearr leo 'D'éirigh sé dorcha' ná 'Fuair sé dorcha' agus b'fhearr leo 'D'éirigh sé fuar' ná 'Fuair sé fuar'.

Cuireadh ceist ar an bpainéal faoi ainmneacha ban mar **Siobhán**, **Mairéad**, **Sinéad**, agus ar cheart iad a chaolú sa Tuiseal Gairmeach mar a dhéantar le hainmneacha na bhfear: 'A Sheáin', 'A Shéamuis', 'A Phóil' etc. Is é an nós a bhí ann, ach atá ag athrú anois is cosúil, nach ndéantaí aon chaolú ar an gconsan deireanach in ainmneacha ban: 'A Mhairéad', 'A Shiobhán', 'A Shinéad'. Luadh 'Cré na Cille', áit a bhfuil 'A Shiobhán an tSiopa' agus 'A Mhuraed Phroinsiais' ag an gCadhach. Sin é a bheadh go nádúrtha ag bail an phainéil freisin, cé go bhfuil 'A Shiobháin'

cloiste acu. Ní chaolaítear an aidiacht ach an oiread i ndiaidh ainmneacha ban sa Tuiseal Gairmeach sna seanamhráin; deirtear 'A Úna Bhán' ach 'A Sheáin Bháin'. Deirtear 'A Mháire Mhór' ach 'A Shéamuis Mhóir'. Mheabhraigh Seosamh Ó Cuaig nach é amháin nach bhfuil an ghlúin óg sa nGaeiltacht ag cloí leis an idirdhealú seo, ach nach bhfuil foirm ar bith den Tuiseal Gairmeach ag go leor acu: 'Go raibh maith agat, Seán!' nó 'Go raibh maith agat, Siobhán!', mar shampla, in áit 'Go raibh maith agat a Sheáin' nó 'Go raibh maith agat a Shiobháin.'



*Bi i gcuideachta
David La Touche
agus siar leat tríd an
stair leis...*



*Scéal
na
Baincéarachta*

IONAD EALAÍON BHANC NA hÉIREANN

*The Story
of
Banking*

IONAD EALAÍON BHANC NA hÉIREANN

*Is museam
idirghníomhach i
gcroílár Bharra an
Teampaill atá i
Scéal na
Baincéarachta.*

UAIREANTA OSCAILTE

Máirt go hAoine:

10am - 4pm

Satharn:

2pm - 5pm

Domhnach:

10am - 1pm

CEAD ISTEACH

Daoine Fásta: £1.50

Mic Léinn: £1.00

Grúpaí a bhfuil áirthint
déanta acu: in aisce

ÁIRTHINT

Dé Máirt agus Déardaoin:

Níl cead cuairte ar an
museam ach acu siúd a
bhfuil áirthint déanta acu.

Guthán: 671 1488

Tá eolas ar chlár cultúir an
Bhainc le fáil ó Ionad
Ealaíon Banc na hÉireann.
Cuir glooch ar: 661 5933.



Banc na hÉireann

IONAD EALAÍON

Plás Foster, Baile Átha Cliath 2



Anois teacht an earraigh . . . Seo amhrán gleoite le **Tadhg Mac Dhonnagáin** a dhéanann ceiliúradh ar an séasúr nua. Píoc suas do ghiotar agus cas do do chlann óg é! Tá sé ar fáil ar an CD seo thíos.

Cá Cá Cá



A G D

A G D

An gloiseann tú an gleo ar maidin?

D A D

An gloiseann tú an cá cá cá?

G D

Sin préachán atá fíorshásta

G D

Sin préachán atá i ngrá.

D A D

Beidh nead acu ar bharr na craoibhe

D A D

An préachán 's a mhíle grá

G D

Is beidh siad ann ag ceol le chéile

G D

Cloisfidh tú an cá cá cá.

D A D

Curfá

Cá cá cá Cá cá cá

G D G

Sin préachán atá i ngrá.

D A D

Is gearr go mbeidh an ubh ag pléascadh

D A D

Is siúd amach an babaí breá

G D

Is beidh a mham 's a dhaid chomh sásta

G D

Go gcloisfidh tú an cá cá cá.

D A D

Curfá

Is deirtear nach bhfuil ceol ag préachán

D A D

Ach níl sé ceart ná cóir é sin a rá

G D

Mar níl aon cheol atá chomh binn don phréachán

G D

Le préachán eile ag casadh cá cá cá.

D A D



Tuilleadh eolais faoi
Fhuta Fata Féasóg:
féach
<http://www.futafata.com>

BHÍ AN OÍCHE ag titim i mBaile Mór, agus Nua is Máirín ag ól bainne te cois tine. "Níor tháinig Rua isteach fós," arsa Nua.

Leag Máirín uaithi a cupán. "Glaofaidh mé arís air," ar sí, "nó fuaróidh a chuid bainne air."

Chuaigh sí amach sa gcistineach, agus d'oscail an cúldoras. "A Rua, tar uait isteach. Tá an bainne réidh."

Amuigh sa scioból a bhí Rua. Chuala sé Máirín ag glaoch. "Tá mé ag teacht," ar sé, agus amach leis.

Dhún Máirín na cuirtíní sa chlúid. Chonaic sí an dath dearg ar an spéir, agus bhí na soilse sráide lasta.

"Céard a bhí tú a dhéanamh sa scioból?" arsa Nua le Rua.

Shocraigh Rua é féin cois tine, agus bhain sé bolgam as an mbainne te. Faic níor dhúirt sé.


"A Rua, céard a bhí tú a dhéanamh, amuigh sa scioból?"

"Tada," arsa Rua.

"Tada?" arsa Máirín.

"Tada, muis," arsa Nua, "céard a bhí tú a dhéanamh?"

Lig Rua osna. "Nach leon mantach a bhí ionamsa nuair a tháinig mé anseo?" arsa sé.




"Is ea," arsa Máirín.
"Agus, agus nach bhfuair mé fiacail bhréige ón bhfiacloir?"

"Fuair," arsa Máirín.
"Agus," arsa Nua,
"chuaigh sí amú agus

b'éigean a dhul chuig an sú ar an mbus, agus bhí drochbholadh sa zú."

D'ól Rua bolgam eile bainne.

"A Máirín," arsa sé, "ní féidir liom an fiacail a



chaitheamh."

Bhí tost ann.

"Mar sin é?"

"Leon mantach mise, agus ólaim bainne, ní ithim feoil cosúil leis na leoin sa zú agus san Afraic agus . . ."

"Bhí an fhiacail sin an-daor," arsa Máirín.

"Bhí an bus daor freisin," arsa Nua.

"Ach céard a bhí tú a dhéanamh sa scioból?" arsa Máirín.

"É seo," arsa Rua. Chuir sé a lámh ina phóca, agus tharraing sé amach *necklace*.

"*Necklace!*" arsa Nua.

"Is ea," arsa Rua, "agus an fhiacail nua i bhfostú air!"

"Cén chaoi a ndearna tú é?" arsa Máirín.

"Bhuel," arsa Rua go staidéartha, "rinne mé poll sa bhfiacail leis an druill, agus cheangail mé den téad é."

"Cuir ort é!" arsa Nua, "cuir ort an *necklace!*"

"Caithfidh Máirín an ceamara a fháil i dtosach," arsa Rua.

D'éirigh Máirín agus fuair sí an ceamara. Chuir Rua air an *necklace* is an fhiacail nua i bhfostú ann.

"Tóg pictiúr, tóg pictiúr," arsa Nua.

Nuair a bhí an pictiúr tógtha, shuigh Máirín, Rua agus Nua síos cois tine leis an mbainne te a chríochnú.

"A Rua," arsa Máirín, "tá an *necklace* go hálainn ort."

"Ach tá cuma mamaí-leon ort," arsa Nua.

Agus rinne siad ar fad gáire.

(Ar lean an mhí seo chugainn)



An Muileann Gaoithe

Ba mhaith liom cónaí faoi mhuileann
gaoithe

Go bhfeicfinn na heiteoga ag dul timpeall
An fear caol fada romham ar chriathrach
'S é ag oibriú a chuid sciathán.

Ba mhaith liom cónaí ar mhuileann gaoithe
'S bheadh mo chloigeannsa ag dul timpeall,
Clór na gaoithe liom ag feadaíl
Mise ag éirí mar a dhéanfadh faoileán.

Ba mhaith liom cónaí sa muileann gaoithe
Dhéanfainn áit na súl sa taobh ann
Chuirfinn cluasa air, chuirfinn straois air,
'S bheadh na lámha ag déanamh gaoithe.

Ba mhaith liom féin bheith i mo mhuileann
gaoithe

Chuirfinn fúm 's ní chorróinn choíche
D'fheicfinn an tír ar fad i mo thimpeall
'S ní bheinn gan solas i lár na hoíche.

DJ



Comórtas Cispheile Cúlábúla/NBA á reachtáil ag TnaG i gcomhar le Cuisle



SEO IAD na buaiteoirí a bhí ar chomórtas NBA Chúlábúla-Cuisle le déanaí. Maith sibh! Bígí ag breathnú ar Chúlábúla ar TnaG, agus bígí le Rua anseo sa gClúid.

Emer Kenny, 26 Rosemount Ave, Artane, BÁC 5
Nóirde Ní Mhuilmhneacháin, An Cuasán, Coolavokig, Magh Chromtha, Co Chorcaí
Fainche Ní Fhátharta, Baile na Creige, Inis Meáin, Árainn, Co na Gaillimhe
Dylan Clowry, Díseart, Grangegrove, Ceatharlach
Lorraine O'Mahony, Carrowmoneash, Oranmore, Co na Gaillimhe
Róisín Éinniú, Aird Thoir, Carna, Co na Gaillimhe
Seán Ó Conghaile, Br Loch an Iarla, Doireadh, Baile na hAbhann, Co na Gaillimhe
Ciarán Ó Priondargás, 8 Highfield Court, Arcadia, Áth Luain, Co na hIarmhí
Aidan Ó Holdún, Villa Maria, Ballymacelligott, Trá Lí, Co Chiarraí
Alan Field, 9 Summerhill Heights, Loch Garman

SEO IAD na coisteanna agus na treagraí:

Seachtain 1: Cén dá fhoireann atá ag imirt – Chicago Bulls agus . . . ? Utah Jazz.

Seachtain 2: Cén uimhir atá ar an bhfear a thit síos? Uimhir 34.

Seachtain 3: Cén uimhir agus mana atá ar gheansaí Hill? Pistons 33.


Seachtain 4: Cé fuair an scór sa chlip seo? Derek Fisher.



Continuing our series on Connemara placenames, Tim Robinson visits the Ros Muc peninsula

Camchuairt Chonamara

Leagan Gaeilge le DIARMUID JOHNSON



TIM ROBINSON

AR AIS liom go fóillín go Turlach Beag ar leithinis Ros Muc go scrúdaim an séipéilín beag spéistúil atá i Salalaoi, nó Sáile Liath, gar don chladach thiar. Is séipéal fada atá ann, agus níl díon ar bith air.


Bhí an séipéal seo á úsáid nó gur tógadh séipéal Ros Muc sa mbliain 1844, ach ní heol dúinn cén aois atá aige. I dtús ama, bhí scoil ann freisin, agus b'éigean troscán na scoile a iompar amach ar an Domhnach roimh an Aifreann.

Dearadh na dronuillecige atá ar an bhfoirgneamh, é ar bhicagán maise, fuinneog sa mbinn thoir a rinneadh gan mórán curaim agus barr gear uirthi, fardóras leathan ann, agus seanteallach briste sa mbinn thiar. Níos faide amall sa stair, tógadh creatlach tí eile láimh leis an séipéal agus siar uaidh, ach is ar éigean atá feiceáil air seo feasta.

Ní léir céard is ciall leis an ainm Salalaoi, ainm atá ar áit eile in aice le Cuainín na hAird, gar do Charna. De réir *Irish Names of Places* le Joyce, tugadh *sabhall*, rud a chiallaíonn *cro*, ar chuid de na chéad séipéil de bharr cró a thug taoiseach do Phádraig Naofa uair go ndéanadh sé séipéal ann. Tharla sin san áit a dtugtar Saul air fós, gar do Dhómhán Pádraig Caolsheans, áfach, gur tugadh ainm chomh seanda ar shéipéilín úrúil an Turlaigh Bhig; gur mórmór agus gan cuma na seandachta air.

Tá áit gar don Chaolaire Beag, Salroc a tugtar air, séipéal ársa a luaitear le Naomh Róic, pé hé féin, ach meastar sa gcás seo gur ón bhfocal *sáile* a tháinig *sail*, agus ní ón séipéal. Tá séipéal Salalaoi sa Turlach Beag in aice le góilín farraige chomh maith. B'fhéidir más ea go bhfuil bunús leis an míniú is coitianta air, Sáile Liath, cé gur deacair géilleadh dó. Céard is dóigh fibhsé, a léitheoir?

Siar ó dheas ón séipéal tá an Charrfean, áit a ndearna mé cur síos air san alt *Ucireanach*, agus siar uaidh sin arís tá gob Ros Céide, é ag síneadh amach i gCuan Chill Chiaráin. Cnocán agus barr cothrom air is ciall le Ros



Céide

Gar do cheann an rosa seo tá *slip* déanta as suimint ag Aill Ghabháin agus beagán achair ón tálamh tirim í Oileán an Mhada, áit a bhfuil seanfhothrach a mbíodh mar an t-áit faire ar bheirtreacha oisrí. Tugaim faoi deara gur ainm coitianta go leor é Oileán an Mhada ar oileáin beag a bheadh sna sálaí ar oileán mór nó ar leithinis faoi mar a bheadh mada beag.

Cúpla céad slat gar ó thuaidh as seo tá oileán a dtugtar Creeve Island air, nó Oileán na Craoibhe, sa tSuirbhéireacht Ordánais.

Ní mórán logáinmheacha atá agam ó bhaile fearainn Ros Céide. Tá suil agam gur féidir le duine de léitheoirí oibligeáideacha na háite cur leo.

Ar chladach thuaidh na leithinse, tá corrán beag talúna. An Chorráin ó Thuaidh, agus loch sáile faoina ascaill:

Loch an Phríosúin atá ar an loch sin, mar bád a ghabhadh isteach ann ar an taobh tuile, bheadh sí sáinnithe ann ar lagrá.

Ar chladach theas Ros Céide, tá gob beag eile talúna, Cora Liagáin. Meas tú an raibh liagán, ursa, nó gallán cloiche anseo, nó an bhfuil fós? In aice láimhe, tá an tobar is mó sa mbaile fearainn, Tobar Chora Liagáin. Meabhraíonn sin dóm níar chuála íre caint ach ar thobar beannaithe amháin ar leithinis Chill Bhriocáin, sin é Tobar Bhriocáin. Caithfidh go bhfuil tuilleadh ann, thart faoin gcladach b'fhéidir, murab amhlaidh nach bhfuil an ceantar seo chomh beannaithe le Carna. An bhfuil eolas ag éinne orthu?


Ceardfhoilistodh leagan Béarla den sliocht seo sa gCuradh Connachtach i 1985.

AON SCÉAL AGAT? Cuir nóta gearr chugainn agus foilseoidh muid blúirín eolais bunaithe air SAOR IN AISCE. Spriocdáta don chéad eagrán eile: an 20ú lá den mhí seo. Seol chugainn d'fhógra chuig: Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe, cuir chugainn ar an bhfacs é chuig 091 572076; nó cuir chugainn ar ríomhphost é chuig cuisle@tinet.ie.

RÁTAÍ FÓGRAÍOCHTA:
GLAOIGH AR 01 676 2860.

BEIDH an fhéile cheoil Cumar ar siúl faoi Cháisc ó Ros Muc soir go dtí an Spidéal. Céard is Cumar ann? Deis don óige ceol, damhsa agus scéalaíocht a fhoghlaim ó dhaoine a bhfuil fios a gceirde acu: P. J. Ó hIarnáin (bosca), Gerry O'Connor (fidil), June Ní Chormaic (fliúit, gradam TnG '98), Johnny Mháirtín Learaí (amhránaíocht), Maidhc P. Ó Conaola (litríocht bhéil).

Seachtain na Cásca a bheas na himeachtaí ar bun: ón 5ú - 10ú Aibreáin. Má tá fonn ceoil ort féin, agus tú idir 11 agus 21 bliain d'aois, glaoigh ar Róisín, 091 553914. Ní mór do na daltaí a bheith ina gceoltóirí cheana: ní do thosaitheoirí atá na ranganna. Is i nGaeilge a bheas siad ar fad.



THÁINIG an pictiúr deas seo isteach ó Isolda Nic Ghiolla Chlaoin (7), as 50 Garrán Cheann Córach, Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3. Maith thú a Isolda! Cuirfear bronnantas beag sa phost chugat.

Tá séasúr an fháis faoi lánseol anseo i gConamara, a pháistí, na préacháin ag canadh cá-cá-cá agus na héiníní eile ag ceiliúradh leo. Cén chaoi an bhfuil an scéal sa mbaile s'agaibhse?

Déanaigí pictiúr don séasúr álainn seo agus cuirigí chugainn iad. Má fhoilsíom muid bhur bpictiúrsa, cuirfidh muid bronnantas beag chugat.

Seolaigí iad chuig: Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe roimh an 20 Aibreán.

Chomh maith leis an teagasc, beidh spleodar sna hoícheanta: coirm cheoil in Ionad Pobail Chamuis ag a 7.30 Dé Máirt, Dé Céadaoin agus Dé hAoine. Tráthnóna, tabharfaidh na daltaí sciúird ar árais na seandaoine ó Bhearna go Carna lena gcuid siamsaíochta.

Tá ceathrar pátrún ag Cumar: Festy Ó Conláin, Cóilín Sheáin Dharach Seoighe, Máire an Ghabha agus Tom Pheaidí Mac Diarmada. Seo ceathrar a choinnigh an dé agus an bhrí i scéalaíocht, i gcultúr agus i ndúchas na Gaeltachta nuair a bhí siad i mbaol a múchta. Gura fada buan iad.

COMHAIRLE CHONTAE LUIMNIGH




**Tá Comhairle Chontae Luimnigh bródúil as
ár dTeanga agus as ár gCultúr**

**Tá Comhairle Chontae Luimnigh breá sásta gnó
a dhéanamh trí Ghaeilge**

**Comhairle Chontae Luimnigh —
ag obair ar son an phobail trí Ghaeilge agus trí Bhéarla**

COMHAIRLE CHONTAE LUIMNIGH
— AG OBAIR AR SON MHUINTIR CHATHAIR AGUS CHONTAE LUIMNIGH

Comhairle Chontae Luimnigh, Áras an Chontae, 79/84 Sráid Uí Chonaill, Luimneach
Teil: 061-318477 Facs: 061-318478



D'ÉIRIGH an Dr Tomás Mac Síomóin as a phost le déanaí mar léachtóir le bitheolaíocht in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. File, iar-eagarthóir na hirise *Comhar*, agus raidiceach nach ngéilleann d'fhaisean na linne is ea Mac Síomóin. Ceiliúradh a shaolré ag ócáid fhéilteúil san institiúid. Gura fada buan é i mbun pinn.

Foilsíodh cnuasach filíochta ag an ócáid, *Das Zweimaleins des Steins*, aistriúchán go Gearmáinis ar fhilíocht Éireannach. Ar na filí a bhfuil dánta leo sa leabhar tá Mac Síomóin, Peter Sirr, Medbh McGuckian, Nuala Ní Dhomhnaill, John Montague agus Cathal Ó Searcaigh.

Sa ghrianghraf le Jimmie Robinson, tá Mac Síomóin (ar chlé) agus Matt Hussey, stiúrthóir ar Dhámh na hEolaíochta sa DIT.

* * *

D'FHOILSIGH an Clóchomhar roinnt leabhar le deireanas. Ar na cinn filíochta bhí *Bleais Faoistine* le Tadhg Ó Dúshláine, *Cuisne Fómhair* le Mícheál F. Ó Conchúir, agus *Oiread na Fríde* le Seán Ó Leocháin. Foilsíodh úrscéal le Liam Mac Uistin, *Muc an Easpang*, agus leabhar taighde le Risteárd Ó Glaisne dar teideal *Módhaigh: Scéal Pobail-Scéal Eaglaise*.

* * *

LEITHSCÉAL

IN ALT in eagrán na míosa seo caite tugadh eolas míchruinn maidir leis an Uasal Eoghan Ó Riada agus a bhean chéile Margaret. Bhain an míchruinneas lena stádas fostaíochta ag an am gur fhágadar Cúil Aodha.

Cuireadh in iúl dúinn ó shin go raibh an tUasal Ó Riada féinfhostaithe agus go raibh a bhean chéile ina mac léinn lánaimseartha in Ollscoil Chorcaí sular aistríodar go Conamara.

Gabhann *Cuisle* leithscéal leis an mbeirt as an mbotún, agus as aon ghortú pearsanta a deineadh do cheachtar acu de dheascaibh míchruinneas an ailt seo.

AR NA LEABHAIR a d'fhoilsigh An Gúm le déanaí tá (do dhaoine fásta) *An Píarsach sa Bheilg*; (do dhéagóirí) *An Lamborghini Bui*; (do pháistí) *Micí ar an bPortach*, *Cití sa Gheimhreadh*, *Gairdín an tSonaís* agus *An Rógair* agus a *Scáil*.

Is iad *Mamaigh* agus *Na hIncigh* an dá leabhar eolais a tháinig uathu. Tá

trí leabhar foilsithe acu d'fhoghlaimoírí sa Bhreatain: *Cé hé Alex?*, *Cé hí Hilda?* agus *Hilda agus Seán*. Tá catalóg ar fáil saor in aisce ón nGúm i mBaile Átha Cliath.

* * *

BAILIÚCHÁN d'altanna Mháirtín Uí Chadhain san *Irish Times* ó 1953-1956 atá sa leabhar *Caiscín*, atá foilsithe ag Coiscéim. Aindrias Ó Cathasaigh a chuir na haltanna in eagar.

* * *



AR CHEANN de na fiontair is fiúntaí a raibh baint ag Bord na Gaeilge leo le fada an lá tá an CD snasta *Éist*. Cuireann sé na rásaí con in áit na leithphingine!

Liosta le háireamh é líon na n-amhránaithe agus na gceoltóirí cáiliúla atá le cloisteáil ar an CD, ina measc Sinéad Lohan (*Éist do Bhéal*); Mary Black agus Séamus Begley (*Ar Bhruach na Carrraige Báine*); Van Morrison agus The Chieftains (*Tá Mo Chleamhnas Déanta*) agus Kate Bush (*Mná na hÉireann*). Níos mó le bhur dtoil.

Ó Aerfort na Minna go Sydney

CONTRARY TO uncorroborated rumours that their pilots have been violating the no-fly zone over Iraq, Aer Aranam are currently involved in a sponsorship venture to help a Gaelic footballer achieve her dream of competing in the Sydney Olympics.

Galadra Ní Ghallagáin from An Spidéal has been high in the rankings in slalom events in Ireland, Great Britain and right across Europe for the past two seasons. This full time athlete is due home from a training camp in New Zealand and in the coming months will participate in competitions which are crucial to her participation in Sydney 2000.

To help Galadra reach the higher levels, Aer Aranam is involved in a sponsorship deal at Aerfort na Minna, Leamlann Chomairce on Sunday May 24th. Their aeroplanes will be available for short sightseeing trips and will give people a unique opportunity to view South Connemara and Galtee Bay from the air while helping this young athlete on the road to Sydney. Rates are reasonably priced - adults €15, children & the families €22, €40.

* I mbeirteas a bfuil an t-ádh a bhfuil a fiontair a Aer Aranam.


Duais bronnta ar *Lipservice*

BHAIN an scannán *Lipservice* an phríomhdhuais amach sa rannóg do ghearrdhrámaí ag an bhféile scannán agus teilifíse sna tíortha Ceilteacha ar an Oileán Sgitheanach le déanaí. Tá duais buaite ag TnaG ag an bhféile bhliantúil seo chuile bhliain ó chuaigh an stáisiún ar an aer i 1996.

Léiríodh *Lipservice* mar chuid den tionscnamh *Oscailt*, a chuir TnaG agus Bord Scannán na hÉireann ar bun leis an drámaíocht theilifíse trí Ghaeilge a chothú.

Baineann scéal an dráma le heachtraí a tharlaíonn in iarbhunscoil chathrach le linn na mbéaltrialacha Gaeilge don Ardeist. Ba é Paul Mercier a scríobh agus a stiúraigh agus Fiach Mac Conghaíl a léirigh do Brother Films. Ar na haisteoirí ann tá Seán McGinley agus Bríd Ní Neachtain.

Bronnadh duais an lucht féachana ar an scannán ag Féile Scannán Chorcaí anuraidh. Beidh sé ar taispeánt i bpictiúrlanna na tíre ó lár na míosa ar aghaidh, an chéad dráma Gaeilge ar scannán a dáileadh i



Seán McGinley sa scannán *Lipservice* Féach chomh maith leathanach 39

bpictiúrlanna ar bhonn tráchtála.

Dúirt Anne McCabe, eagarthóir coimisiúnaithe TnaG, go léiríonn duaiseanna idirnáisiúnta mar seo go bhfuil ag éirí le polasaí coimisiúnaithe an stáisiúin.

"Gheallamar ón tús go leagfadh TnaG béim ar chruthaitheacht agus ar thallann nua. Táimid thar a bheith buíoch do Bhord Scannán na

hÉireann a bhunaigh an scéim *Oscailt* i bpáirt linn agus a léirigh fíis agus muinín agus a chuir maoiniú ar fáil do na tograí a tháinig as.

"Spreagfaidh an duais is deireanaí seo scríbhneoirí agus léiritheoirí óga eile freisin, a fheicfidh go bhfuil margadh idirnáisiúnta ann do léiriúcháin d'ardchaighdeán," a dúirt sí.

Aran Islands all year around with



ISLAND FERRIES Teo.

Cladhnach, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
& Victoria Place, Gaillimh.

Information/Reservations:
call to our office opp. Galway Tourist Office

Fón: Ros a' Mhíl: 091-572050 Fax 091-572448
Fón: Galway Office: 091-568903 Fax 091-568538

- Coach connection from Galway city
- Family/Group rates available
- All aspects of trip arranged for you
- Major credit cards and free travel pass accepted

E-mail: island@iol.ie
Website: www.aranislandferries.com

Weight Watchers

Sábháil £2.50

Ballraíocht ar £6.00

Seasann An Tairiscint ón 5ú Aibreán - 30ú Aibreán

Le eolas a fháil faoi ranganna
Glaigh ar:

01-8306665 & 01-8306511

Lo - Call 1850-234123

Corcaigh 021-314067

Gaillimh 091- 564842

An tOir-Dheisceart 056-22276

Le eolas a fháil faoi Weight Watchers

TRÍD AN bPOST:

Bóthar Phort Láirge,

Cill Chainnigh

056-22276

"Id' shuí anseo, ní chreidfeá ariamh gur i lár na hEorpa atá muid."

Aisling Joyce (18) Mac léinn tíreolaíochta



Cabhraíonn clár Scoileanna Aois an Eolais de chuid Telecom Éireann le gné nua foghlamtha a thabhairt do chuide pháiste scoile in Éirinn.

Gealltanas £15 milliún Telecom Éireann a chomhoibriú na huirlísí riachtanacha ar fáil do gach scoil sa tír le fáil airgeadais a bhaint as buntáistí Aois an Eolais.

Ag Foghlaim

le Comhdhálacha Físeáin

B'iad na comhdhálacha físeáin a thug deis do dhaltaí Ghairmscoile Éinne ar Inis Mór bheith i lár an aonaigh, ag cur na gceisteanna ar TDEanna sa Pharlaimint Eorpach i Strasbourg ag seisiún speisialta Ceisteanna agus Freagraí.





TnaG Aibreán

Deireadh Seachtaine na Cásca ar TnaG

Muire

2 Aibreán 2.10 p.m.

SCANNÁN paiseanta a insíonn scéal Mhuire na nGrást ón ngin gan smál go dtí aiséirí Íosa is ea *Muire*.

Tugann sé léargas ar ghrá na máthar dá haonmhac go dtí uair a bháis ar an gcrois.

Beidh suim ag an saol Fódalach sa leagan Gaeilge seo de scéal thús na Críostaíochta. Ar na haisteoirí a bheas a nguthanna le cloisteáil ann tá Ciarán Ó Cofaigh i bpáirt Íosa, Mairéad Ní Ghallachóir i bpáirt Mhuire, agus Criostóir Breathnach i bpáirt Iosaif.

Is sa Maroc a rinne Darquad Films an bunleagan Fraincise, agus Telegael a rinne a leagan Gaeilge. Is maith an blas a thugann an scannánaíocht ar chríocha gléigeala na Meánmhara agus ar an tsaoithiúlacht a bhí ann le linn ár dTiarna.


Na sluaite a lean Íosa go dlís, na heasláin a leigheas sé, na haspail a ghairm sé chuige féin, feiceann muid uile iad trí shúile Mháthair Mhic Dé ar an mbóthar fada, dúslánach do Iarúsailéim.

Tá *Muire* ar cheann de mhórsannáin na Gaeilge go n-uige seo. Eoghan Ó Riada a stiúraigh an leagan Gaeilge. Diarmuid Johnson a scríobh an téacs Gaeilge.

Saoirse Chéasta

Aoine an Chéasta agus
Domhnach Cásca ag 9.30 p.m.

CUIREADH géarleanúint ar mhórán de mhuintir na



Liotúáine faoin gcóras Sóivéideach ins na caogaidí. Sa chlár seo, a rinne RTÉ faoi stiúir Donal Farmer, labhrann cuid díobh siúd faoi na croiseanna a thógadar ar chnoc a bhí gar dá sráidbhaile. Siombail ab ea iad den chreideamh Críostaí a chleacht na daoine, in ainneoin príosúin agus piónóis.

Chuir na húdaráis cosc ar na croiseanna agus scriosadar iad. Mar a deir fear sa chlár: "Ní féidir rud ar bith a chur i gcrích gan íobairt phearsanta."

An Baisteadh

Satharn Cásca 8.20 p.m.
Domhnach Cásca 11.15 p.m.

CLÁR GLEOITE é seo le brí agus éifeacht an bhaiste á mhíniú. Éiríonn leis an míniú a chur in iúl go simplí sa gcaoi is go mbainfidh gasúir scoile, muinteoirí, tuismitheoirí agus sagairt sásamh agus leas as.

Baintear an-usáid as na

siombail a ghabhann leis an mbaisteadh agus múintear iad le focla simplí agus le pictiúirí áille. Ní aistriúchán atá sa chlár, ach ceann a thagann aníos as dúchas ár muintre Chríostaí, é curtha le chéile go slachtmhar.

Agus ní hiad na pobail Ghaeltachta agus Ghaeilge amháin a bheas ríméadach as. Tá an tráchtáireacht Ghaeilge binn, blasta soiléir ionas gur fuiriste dóibh siúd ar bheagán Gaeilge an clár a thuiscint. Go deimhin ba mhaith an áis teagaisc é san rang Gaeilge féin.

Comhluadar Sagart Gaeltachta agus Aesop Teo a rinne an clár, agus ba í Eithne Nic Dhonnacha an stiúrthóir. Deir TnaG go bhfuil siad ag súil le tuilleadh cláracha mar é faoi ábhar diaganta.

Éalú ó Antartica

7 Aibreán 10.02 p.m.

SCANNÁN Gaeilge faoi chuairt na nÉireannach ar an

Antartach i rith 1997. Sa scannán uair a choig seo déantar cur síos ar chuid de na scéalta is cáiliúla i stair na taiscéalaíochta trí shúile daoine as Éirinn a bhí ag taisteal chuig an Antartach in earrach na bliana 1997.



Bhí na dreapadóirí agus na seoltóirí ag leanacht sampla beirt thaiscéalaí mhóra le rá Éireannacha, Ernest Shackleton agus Tom Crean, a chuaigh chuig an Antartach

sna blianta 1914/1915 agus nár tháinig slán as ach ar éigean.

Is éard a bhí i gcuairt 1997 chuig an Antartach siúl agus dreapadóireacht ar oileáin nach bhfuil aon chónaí orthu, aistear 800 míle ar bhád go Georgia Theas agus ar deireadh dreapadh trasna Georgia Theas go dtí an áit a bhfuil Shackleton curtha.

Insítear scéal an aistear agus an scéal faoi Shackleton agus Crean sa scannán. Tá bailiúchán iontach grianghrafanna agus dialanna fanta ón gcéad turas stairiúil sin agus bhí tóir mhór idirnáisiúnta ar leabhar Shackleton faoin turas.

Is é an seoltóir Paddy Barry a rinne an leagan Gaeilge den scannán do Crossing The Line Films, agus John Murray a stiúraigh. Tá píosaí ar an gceamara ag Paddy ann, agus agallaimh as áiteanna éagsúla chomh maith le guthú ag an deireadh.

Tá cáil idirnáisiúnta mar sheoltóir ar Phaddy. Is iomaí turas timpeall an domhain atá déanta aige ina huicéir an *Sí Patrick*. Tá cleachtadh aige ag obair ar an teilifís agus tá a chroí sa scéal mar go gcreidcann sé gur laochra iad Shackleton agus Crean nach bhfuair an t-aitheantas a bhí ag dul dóibh. Gabhfaidh an sean agus an nua i bhfeidhm ar shamhlaíocht an lucht féachana.

Seachtain na scrúduithe béil ar TnaG

Lipservice

20 Aibreán 10.30 p.m.

SCÉAL É seo faoi scrúdú béil Ardteiste i bpobalscoil i mBaile Átha Cliath. Tá gach duine "ag labhairt na Gaeilge" agus tá na daltaí an-ímníoch faoin lá atá rompu. Tá an dalta is fearr sa Ghaeilge, Darren, le dul isteach i dtosach dá scrúdú, ach tá sé ar iarraidh.

Is crá croí ceart é an lá don scrúdaitheoir a thagann isteach, Máirtín Ó Catháin. Seanfhondúir cruthanta é a mhúineann Gaeilge i

meánscoil mheánaicmeach. Cuireann roinn na Gaeilge an-fháilte roimhe, iad ar a ndícheall ag iarraidh a bheith béasach leis.

Níl Darren ann fós, tá an seomra scrúdaithe gan teas, tá na daltaí bochta neirbhíseach agus cuirtear tús leis an scrúdú. Go n-eirí leo!

Léiriú de chuid Brother Films é seo agus é urraithe ag TnaG agus Bord Scannán na hÉireann faoi choimirce scéim *Oscailt*. Paul Mercier a stiúraigh agus ar na haisteoirí ann tá Séan McGinley, Bríd Ní Neachtain, Máire Ní Mháille, Joan Sheehy, Garrett Keogh agus Mick Nolan.

Tá ceol Bass Odyssey snite tríd an scannán. Ghnóthaigh an ceirnín *Twilight* (atá le cloisteáil ann) duais Irish Dance Record 1997.

Rás na Rún

4 Aibreán 9.20 p.m.

AR AN 27ú Márta 1996 osclaíodh stáisiún nua na mbád tarrthála RNLI i nGaillimh go hoifigiúil. Cuireann an chraobh áitiúil den RNLI seirbhís tharrthála éifeachtach ar fáil i gcuana na Gaillimhe agus ar an gcósta mórhimpeall.

Cuirtear an tseirbhís ar fáil ar bhonn deonach agus déanann foinsí próbháideacha an t-airgead a sholáthar. Faoi láthair, tá naoi nduine dhéag de chriú ag *Dóchas*, an bád tarrthála is tapúla i gcabhlach an RNLI.

Ó cuireadh tús leis an tseirbhís i 1996, tá freagra tugtha ag an stáisiún ar 84 glaoch éigeandála, agus sábháladh 36 duine. Sa bhliain 1997, seoladh an bád tarrthála in Árainn 57 n-uaire, sin níos minicí ná aon bhád tarrthála eile in Éirinn, agus sábháladh 33 duine.

Rás urraithe amach as Árainn go dtí an Spidéal is ábhar don chlár. Rinne criú agus aisteoirí ón sobal *Ros na Rún* taifeadh dó, i gcomhar leis an RNLI agus Rusheen Bay Windsurfers.

Tabharfar tuairisc ar na hullmhúcháin i gcomhair an rása agus beidh agallaimh leo siúd a ghlac páirt ann maraon le hagallaimh leis na haisteoirí ón sobal. Ba í Deirdre Friel a stiúraigh do Eo Teilifís.

Féasta na scannán

CÚIG CHLÁR de chuid TnaG a bhí san iomaíocht ag an bhféile teilifíse agus scannán sna tíortha Ceilteacha ar an Oileán Sgitheanach le déanaí. B'iad na drámaí *Lipservice* agus *Cosa Nite*, agus trí chlár faisnéise: *Éalú ó Antartica*, *Spré Rosie Ryan* agus *An Bealach ó Dheas*. Bronnadh duais ar *Lipservice* (féach leathanach 36).

Ceann de na cláracha is sainiúla a craoladh ar TnaG go dtí seo is ea *An Bealach ó Dheas*. Clár laistil, eachtraíochta agus dúlra é, ina bhfeictear lírdhreach na hÉireann ó Mhálainn go Carn Uí Néid trí shúile grinne Dermot Somers. Tá pósadh tileata ann idir an tráchttaireacht údarásach *engagé* atá ag Somers agus an cheamaradóireacht ealaíonta a rinne John Murray. *Crossing the Line* a léirigh.

Aor faoi pháistí ó thuaisceart Bhaile Átha Cliath ag béalscrúdú Gaeilge is ea *Lipservice*. Beidh sé le feiceáil arís ar TnaG an mhí seo (féach thall).

Seánséir dúghrinn a thugtar ar *Cosa Nite*, chéadscannán an ealaíontóra agus scríbhneora Darach Ó Scolaí. Saint, adhaltranas agus dúnmharú i dteach tábhairne i gConamara atá mar chúlra don scéal. B'i

Dearbhla Walsh a stiúraigh agus Ciarán Ó Colaigh a léirigh do Rosg Teo.

Clár eachtraíochta agus staire is ea *Éalú ó Antartica*, comóradh ar an turas stairiúil a rinne Ernest Shackleton agus Tom Crean go Georgia Theas i 1915. Craolfar an clár arís ar TnaG an mhí seo (féach thall).

Clár faoin rian a d'fhág lucht an scannáin *Ryan's Daughter* ar leithinis Chorca Dhuibhne is ea *Spré Rosie Ryan*. Scrúdaíonn Traolach Ó Buachalla an leas eacnamúil a rinne an scannán sin don cheantar. Adare Productions a léirigh.



Sean McGinley sa dráma *Lipservice*

Mary Ryan agus Patrick O'Lonsigh sa dráma *Cosa Nite*



antw e a thuig iaoin saol thoinn

Bhí tuiscint riamh in Éirinn ar an Saol Fó Thoinn agus is é John Philip Holland as Lios Ceannúir i gCo. an Chláir a cheap an chéad fhomhuireán ón saol seo a chonaic Manannán.

Bhí dearcadh ar leith ag Holland, a dhearcadh féin, dearcadh an Éireannaigh. **Is dream ar leith muintir na hÉireann agus is stáisiún leithleasach teilifíse TnaG.** Stáisiún ar aon mheon linn féin, stáisiún a bhfuil an dearcadh ar leith sin aige - an dearcadh Éireannach.



TnaG. Briseann an dúchas.

Website-[http:// www.tnag.ie](http://www.tnag.ie)